Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

# Clár Ábhair


**02** — Ráiteas an Chathaoirligh
**04** — Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin
**06** — Comhaltaí an Bhoird
**07** — Réamhrá
**08** — D'athraigh Covid-19 an chaoi a n-úsáidimid an bóthar
**09** — Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais 2013–2020
**10** — Éire ar an Ardán Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre
**12** — Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2020
**17** — Feachtais Feasachta um Shábháilteacht ar Bhóithre
**21** — Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre
**28** — Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
**40** — Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú
**46** — An Fhoireann Bainistíochta
**48** — Plean Corparáideach 2016–2020
**56** — Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha ÚSB
**60** — Ráitis Airgeadais
**97** — Nótaí Cúil
**98** — Grafaic Faisnéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2020

# Ráiteas an Chathaoirligh

Bhí an bhliain seo caite deacair don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB), an ceann is deacra ó bunaíodh muid in 2006 is dócha. Chruthaigh an phaindéim Covid-19 dúshláin eisceachtúla go hoibríochtúil don eagraíocht mar gheall ar ár seirbhísí a chur ar fionraí faoi threoirlínte sláinte poiblí, mar aon leis an dúshlán fócas a choinneáil ar shábháilteacht ar bhóithre le linn na géarchéime.

Mar thoradh ar na srianta taistil a forchuireadh i rith 2020 bhí méideanna tráchta i bhfad níos ísle ar ár mbóithre. Cé go raibh muid buíochas as an laghdú ar ghortuithe tromchúiseacha, is cúis díomá dúinn nach raibh laghdú comhfhreagrach ar líon na mbásanna dá bharr. Is cúis bhróin an méadú sin ar bhásanna ar na bóithre a fheiceáil, go háirithe tar éis an dá bhliain is sábháilte a taifeadadh maidir le básanna ar bhóithre in 2018 agus 2019.

Tá a fhios againn gur féidir stop a chur le líon na ndaoine a fhaigheann bás ar ár mbóithre. Chonaiceamar an chaoi ar féidir le hathrú ar ár n-iompar beatha daoine a shábháil. Ach fós féin, is ann fós do chohórt daoine a leanann orthu chun iad féin agus úsáideoirí eile bóithre a chur i mbaol trí iompar contúirteach a dhéanamh ar ár mbóithre.

Is saincheist shóisialta í sábháilteacht ar na bóithre agus caithfear aghaidh a thabhairt uirthi trí bheartas éifeachtach, bunaithe ar fhianaise. Fáiltímid roimh an tosaíocht a thugtar do shábháilteacht ar bhóithre sa Chlár Rialtais, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2020. Léireofar tuilleadh tiomantas polaitiúil an rialtais in 2021 sa Straitéis nua um Shábháilteacht ar Bhóithre. Rinneadh forbairt ar Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021–2030 an rialtais le linn 2020 ina raibh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, lucht déanta beartas agus an pobal i gcoitinne.

Léirítear muinín sa straitéis nua maidir leis na tiomantais agus an uaillmhian ina cuid cuspóirí. Mar chroílár ann tá an prionsabal Fís Sprice ag Nialas, an sprioc nach mbeidh aon bhásanna ná gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre faoi 2050. Le Fís Sprice ag Nialas cuirtear sábháilteacht ar bhóithre i gcroílár ár mbeartais agus ár gcóras iompair. Is é an chéad Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre eile atá ag an rialtas ná ár mapa bealaigh chuig Fís Sprice ag Nialas, ina leagtar amach na bearta a chaithfimid a



**Liz O'Donnell**
Cathaoirleach

dhéanamh chun bóithre níos sábháilte a áirithiú. Táimid ag tnúth le bheith ag obair le gach úsáideoir bóthair chun Fís Sprice ag Nialas a bhaint amach do gach duine.

Le linn na Straitéise deireanaí um Shábháilteacht ar Bhóithre a rith ó 2013 go 2020, tháinig laghdú 9% ar bhásanna in Éirinn. Féachtar ar Éirinn anois mar cheannródaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus tá sí rangaithe mar an cúigiú tír is sábháilte san AE (tuarascáil 2020 maidir le hInnéacs Feidhmiúcháin um Shábháilteacht ar na Bóithre de chuid CESI).

Ní mór dúinn leanúint lenár gcomhar agus lenár gcomhoibriú le tíortha eile, go háirithe ár gcomharsana AE, maidir le sábháilteacht ar bhóithre a dhoimhniú. In éineacht le forbairt agus cur chun feidhm na straitéise nua ina dhiaidh sin beidh tiomantas leanúnach chun an t-eolas agus an fhoghlaim a dhéanaimid chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar fud an domhain a roinnt.

Caithfidh an tiomantas do bheartas atá bunaithe ar fhianaise aghaidh a thabhairt ar an gceist maidir le luas iomarcach agus míchuí, arb é an t-iompar is contúirtí ar ár mbóithre é. Tá tiománaithe a bhíonn ag dul róthapa, go háirithe inár sráidbhailte, inár mbailte agus inár gcathracha, ag cur úsáideoirí leochaileacha bóithre i mbaol. Le sráideanna ar luas íseal cabhraítear le cathracha a dhéanamh sábháilte agus sláintiúil, glas agus inúsáide agus baineann buntáistí um shábháilteacht bóthair agus comhshaoil leo araon.

Beidh ról ag cur chun feidhme níos mó luasteorainneacha 30 km/u i gceantair uirbeacha in Éirinn chun na tairbhí sin a bhaint amach. Ar an drochuair, níl Éire ag teacht leis an gcuid eile den Eoraip, áit a bhfuil cur chun feidhme luasteorainneacha 30 km/u ag éirí a bheith mar ghnáthnós i gcathracha. Mholfaimis d'údaráis áitiúla a bheith réamhghníomhach ina leith sin agus ár bpobail a dhéanamh níos sábháilte agus níos sláintiúla do chách.

Tá a fhios againn go mbeidh 2021 ina bhliain dhúshlánach eile dár n-eagraíocht.

Roimh an bpaindéim ba é sé seachtaine an t-am feithimh le haghaidh tástála tiomána. Mar thoradh ar Covid-19 agus seirbhísí curtha ar fionraí le breis agus ceithre mhí agus srianta leanúnacha, cruthaíodh riaráiste suntasach daoine atá ag fanacht lena dtástáil a dhéanamh. Teastaíonn tacaíocht ón rialtas agus acmhainní breise chun aghaidh a thabhairt ar an riaráiste sin ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. Tá na seirbhísí a sholáthraíonn an ÚSB riachtanach d'fhás agus d'fheidhmiú ár ngeilleagair agus ár sochaí. Caithfidh daoine a bheith in ann taisteal chun rochtain a fháil ar obair, oideachas, siopaí, spórt. Gan rochtain ar thástálacha tiomána agus ar cheadúnais tiomána, bíonn tionchar ar a gcumas déanamh amhlaidh.

Tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá ag siúl agus ag rothaíocht mar gheall ar an bpaindéim. Tá timpeallacht athraithe anois ar ár mbóithre, agus leis sin tugtar deis ollmhór dúinn. Beidh sé níos tábhachtaí ná riamh na bóithre a chomhroinnt go cothrom. Cé go bhfaca muid céimniú amach réamhghníomhach ar bhonneagar rothaíochta agus siúil nua ag ár n-údaráis áitiúla, tá an fhreagracht fós ar gach duine againn ár ndícheall a dhéanamh chun daoine eile a chosaint.

Beart beartais lárnach is ea úsáid shábháilte bóithre a chur chun cinn in Éirinn a chothaíonn ár bpobail – tuaithe agus uirbeacha araon – agus a chosnaíonn saol agus folláine ár dteaghlach, ár gcomharsan, ár gcairde agus ár gcomhghleacaithe oibre. Leanfaidh an ÚSB de bheith faoi stiúir sonraí, taighde agus síceolaíochta agus ár n-idirghabhálacha á bhforbairt againn agus cinnteofar leis é go bhfanfaidh leas an phobail i gcroílár ár ngníomhaíochtaí go léir agus muid ag iarraidh dul i dtreo Fhís Sprice ag Nialas. D'fhonn tacú leis sin teastaíonn reachtaíocht tráchta ar bhóithre atá bunaithe ar eolaíocht agus ar fhianaise. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an rialtas chun Bille nua um Thrácht ar Bhóithre a fhorbairt a chomhlíonfaidh an critéar sin agus a shábhálfaidh beatha daoine sa todhchaí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an iar-Aire Iompair, Shane Ross agus leis an Aire Iompair reatha Eamon Ryan agus leis an Aire Stáit Hildegarde Naughton chomh maith le foireann níos leithne na Roinne Iompair as a dtiomantas do shábháilteacht ar bhóithre agus as a dtacaíocht don ÚSB i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann iontach atá ag obair ar fud an ÚSB. Chonaiceamar i mí an Mhárta 2020 gur aistrigh siad go tapa agus go héifeachtach chuig an obair ar bhonn cianda, rud a laghdaigh an tionchar ar ár gcustaiméirí.

Tá Bord an ÚSB tiomanta do dhea-rialachas agus treo straitéiseach na heagraíochta. Chuireamar fáilte roimh cheathrar ball nua, Sarah Johnson, Ashling Cunningham, John Cronin agus Derek Cawley, chuig an mBord in 2020. I dteannta a chéile, tugann siad leo taithí agus saineolas luachmhar ó réimsí an dlí, TF, digiteachaithe agus míochaine.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Moyagh Murdock a d'éirigh as a post mar Phríomhfheidhmeannach an ÚSB i mí an Mhárta 2020. Chuir Moyagh go mór le sábháilteacht ar bhóithre le linn a tréimhse.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Sam Waide a ghlac post mar POF an ÚSB i mí Mheán Fómhair. Thug Sam neart taithí ceannaireachta agus bainistíochta chuig an ÚSB, go háirithe sna réimsí a bhaineann le claochlú gnó, géire tráchtála, rialachas agus comhlíonadh. Chonaic mé cheana an tionchar dearfach atá aige, agus tá Bord an ÚSB ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le Sam chun bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte. Faoi dheireadh, d'fhóin John Caulfield mar ár bPríomhfheidhmeannach Eatramhach ó mí an Mhárta go Meán Fómhair 2020, ag tabhairt leis saintréithe agus cumas. Ba mhór againn a bhainistíocht ar an eagraíocht le linn dúinn a bheith ag aistriú idir POFanna.

Is misean comhchoiteann í sábháilteacht ar bhóithre agus tá sí tógtha ar thacaíocht agus ar chomhlíonadh an phobail i gcoitinne. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach úsáideoir bóthair as a gcabhair chun bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte.

**Liz O'Donnell**
Cathaoirleach

# Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



**Sam Waide**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

In 2020 bhí dúshláin gan fasach os comhair an ÚSB a tháinig chun cinn mar thoradh ar Covid-19. Tá an phaindéim tar éis cur isteach ar gach gné den saol agus den obair in Éirinn, agus bhí tionchar mór aige ar an ÚSB.

Mar gheall ar shrianta a tugadh isteach chun leathadh Covid-19 a chosc, rinneadh dúnadh nó teorannú fada ár seirbhísí in 2020. Ba é sábháilteacht na foirne, sábháilteacht ár gcustaiméirí agus sábháilteacht an chomhshaoil ina n-oibrímid an tosaíocht a bhí againn tríd is tríd.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí iontacha a rinne ár mbaill foirne agus buíochas a ghabháil leo as an obair dhian dhícheallach a rinne siad le linn thosca gan fasach mar a bhí in 2020. Cosúil le go leor eagraíochtaí eile, d'aistrigh go leor dár bhfostaithe chuig an gcianobair in 2020. Ba eispéireas nua é sin do dhaoine agus bhain go leor dúshlán féin leis na shocruithe oibre laethúla sin. Tar éis dom dul isteach san ÚSB le linn na tréimhse cianoibre sin, níor bhuail mé le go leor de mo chomhghleacaithe duine le duine, ach chonaic mé a dtiomantas do shábháilteacht ar bhóithre, is cuma cá bhfuil siad lonnaithe. Is mar gheall ar thiomantas agus sholúbthacht na foirne uile a bhíomar in ann leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí poiblí dár gcustaiméirí i rith na bliana.

Caithfidh mé obair thástálaithe ÚSB, cigirí feithiclí agus oifigigh iompair a mholadh freisin. Bhí dúshláin rompu chun seirbhísí a sholáthar. Trí oibriú le chéile, bhíomar in ann prótacail sláinte poiblí a thabhairt isteach chun go bhféadfaí seirbhísí a sholáthar go sábháilte. Chiallaigh sé sin go raibh muid in ann tástálacha tiomána a sholáthar dóibh siúd a mheastar a bheith riachtanach faoi rialacháin, príomhshlabhraí soláthair a choinneáil ar oscailt agus leanúint de chaighdeáin shábháilteachta feithiclí tráchtála a fhorfheidhmiú.

Ní nach ionadh go raibh tionchar diúltach ag an gcur isteach ar ár seirbhísí de bharr na paindéime ar ár n-ioncam in 2020. Lean tionchar Covid-19 ar ár seirbhísí isteach go 2021, rud a thugann dúshláin airgeadais leanúnacha dúinn don chuid eile den bhliain agus ina dhiaidh sin. Mar sin féin, chinntigh gníomhaíocht stuama agus réamhghabhálach a rinne an eagraíocht gur leanamar orainn ag feidhmiú ar bhonn fónta airgeadais in 2020 agus isteach go 2021.

Tá sé léirithe mar thoradh ar an bpaindéim conas is féidir leis an teicneolaíocht rochtain níos éasca agus níos fearr a sholáthar ar sheirbhísí poiblí, agus custaiméirí ag cur luach níos mó agus ag éileamh níos minice ar bhealaí ar líne. In 2020, thugamar bealaí digiteacha isteach do roinnt seirbhísí ÚSB. Leathnaigh an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána (SNCT) rochtain ar líne, trí ndls.ie, chun ligean do chustaiméirí iarratas a dhéanamh ar líne maidir le gach cineál iarratais.

I mí na Samhna, sheolamar tairseach nua do chustaiméirí, MyRoadSafety.ie, siopa ilfhreastail do sheirbhísí uile an ÚSB. Is ardán ar líne é MyRoadSafety.ie a chuireann ar chumas foghlaimeoirí, tiománaithe láncheadúnaithe agus gairmiúla iarratas a dhéanamh ar a lán seirbhísí do thiománaithe ar líne. Tá rochtain sruthlínithe ag an tairseach dár gcustaiméirí, lena ndéantar bealach feabhsaithe a chur ar fáil do chustaiméirí agus thacaigh sé le soláthar leanúnach na seirbhísí riachtanacha le linn na paindéime.

Tá comhoibriú ríthábhachtach chun dul chun cinn dearfach a dhéanamh maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Tá comhroinnt smaointe riachtanach chun nuálaíocht agus dea-chleachtas a chur chun cinn. Chun leanúint leis an teagmháil luachmhar sin le páirtithe leasmhara sábháilteachta ar bhóithre, bhogamar roinnt dár bpríomhimeachtaí sábháilteachta ar bhóithre ar líne in 2020.

Dhírigh ár Léacht Acadúil bliantúil ar an ábhar maidir le tuirse tiománaithe agus bhí sainchainteoirí ann ón Ísiltír, ón Ríocht Aontaithe agus ó Éirinn ann, iad uile rannpháirteach go fíorúil. Bhí lucht freastail fíorúil in ann an taighde is déanaí a chloisteáil, ceisteanna a chur agus teacht ar léargas luachmhar. Leis an aistriú go formáid fhíorúil bhíomar in ann an teachtaireacht um shábháilteacht ar bhóithre a sheachadadh do níos mó ná 200 geallsealbhóirí a bhí lonnaithe go cianda.

Leanamar leis an teagmháil fhíorúil lenár gCeardlann Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre i mí na Samhna, a rinneadh ar líne freisin. Tá forbairt na chéad Straitéise eile um Shábháilteacht ar Bhóithre fréamhaithe i gcomhairliúchán agus i gcomhoibriú. Cé go gcaillimid go léir cruinnithe duine le duine, níor bhain an bac a bhí orainn ó bheith ag bualadh le chéile duine le duine dár smaointe nuálacha agus den smaointeoireacht dea-chleachtais a chomhroinnt, agus leis sin cinntíodh go gcuirfimid straitéis nua rialtais ar fáil a leanfaidh lenár ndul chun cinn maidir le sábháilteacht ar na bóithre.

Tar éis dó a bheith ar na bacáin le roinnt blianta, tháinig Brexit i gcrích ag deireadh 2020. San ÚSB, rinneamar iarracht shuntasach ullmhú le haghaidh Brexit. Chuireamar comhairle ar shealbhóirí ceadúnais TÉ/RA atá ina gcónaí in Éirinn faoin ngá lena gceadúnas TÉ/RA a mhalartú le haghaidh cheadúnas tiomána Éireannach roimh dheireadh na hidirthréimhse, agus dá bharr sin malartaíodh os cionn 70,000 ceadúnas TÉ/RA.

In ainneoin laghdú 25% ar líon na n-imbhuailtí inar tharla gortaithe tromchúiseacha agus mionghortuithe in 2020, tháinig méadú ar líon na mbásanna ar na bóithre. Fuair 147 duine bás ar ár mbóithre i gcomparáid le 140 in 2019. Is dóichí go raibh an laghdú ar imbhuailtí inar tharla gortuithe tromchúiseacha agus mionghortuithe inchurtha i leith meath foriomlán ar mhéid na tráchta de bharr srianta taistil a tugadh isteach le linn na paindéime. Mar sin féin, níor léiríodh é sin i líon foriomlán na mbásanna ar bhóithre a taifeadadh. Tháinig an méadú ar líon na mbásanna mar thoradh ar mhéadú ar líon na mbásanna paisinéirí agus coisithe. In anailís shealadach ar shonraí imbhuailtí tugtar le fios nach raibh crios sábhála á chaitheamh ag os cionn an ceathrú cuid de chásanna báis tiománaithe agus paisinéirí. Is cúis imní é líon na mbásanna do choisithe, go háirithe coisithe níos sine. Díreofar in idirghabhálacha oideachais agus feasachta ar shábháilteacht criosanna sábhála chomh maith le sábháilteacht coisithe in 2021. Tarlaíonn níos mó ná 70% de na himbhuailtí marfacha ar bhóithre tuaithe agus forbrófar feachtas tiomnaithe nua a dhíreoidh ar bhóithre tuaithe in 2021.

Ag féachaint romhainn, beidh 2021 mar an gcéad bhliain den chúigiú Straitéis rialtas na hÉireann um Shábháilteacha ar Bhóithre. Mairfidh sé na deich mbliana go dtí 2030 agus beidh cur chuige bunathraithe ag teastáil chuige sin.

Ailíneoidh an straitéis le spriocanna sábháilteachta bóthair AE agus na Náisiún Aontaithe, agus le Clár an rialtais. Tá sé mar aidhm aige laghdú 50% a bhaint amach maidir leis na básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre faoi 2030, agus Fís Sprice ag Nialas a bhaint amach, gan aon bhásanna bóthair nó gortuithe tromchúiseacha, faoi 2050.

Tiocfaidh an straitéis in ionad na gceithre cinn den chur chuige Innealtóireachta, Oideachais, Forfheidhmithe agus Meastóireachta, le cur chuige an Chórais Shábháilte i leith sábháilteachta ar bhóithre. Aithnítear Córas Sábháilte go hidirnáisiúnta mar an cur chuige dea-chleachtais chun laghduithe suntasacha a bhaint amach i mbásanna agus gortuithe tromchúiseacha. Cuireann sé béim ar a thábhachtaí atá sé cur chuige uilíoch a ghlacadh maidir le bainistíocht um shábháilteacht ar bhóithre agus díríonn sé ar gach gné den chóras tráchta a neartú ionas nach mbeidh bás nó gortú tromchúiseach mar thoradh air fiú má tharlaíonn imbhualadh tráchta ar bhóithre.

Teastóidh infheistíocht shuntasach ón gcur chuige chun ár sprioc de laghdú faoi 50% ar bhásanna ar bhóithre agus ar ghortuithe tromchúiseacha a bhaint amach sna deich mbliana amach romhainn. Éileofar leis freisin níos mó oibre comhpháirtíochta agus comhoibrithe lenár gcomhpháirtithe sábháilteachta ar bhóithre, ag roinnt léargas, taighde agus sonraí chun an cleachtas is fearr maidir le sábháilteacht ar bhóithre a threorú, oideachas a thabhairt ina leith agus chun é sin a bhaint amach. Go criticiúil beidh gá le ceannach isteach agus tacaíocht an phobail a úsáideann na bóithre. Is trí oibriú le chéile is féidir linn na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach, beatha a shábháil agus gortuithe tromchúiseacha a chosc.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta go léir, leis na meáin agus le gach úsáideoir bóthair as bhur dtacaíocht leanúnach um shábháilteacht ar bhóithre trí bhliain a bhí an-chorraitheach do gach duine.

Leanann an phaindéim dhomhanda dár ndúshláin a thabhairt ach le bhur dtacaíocht agus tuiscint tá a fhios againn go bhfuil laethanta níos gile romhainn agus táimid ag tnúth leis na dúshláin uathúla sin a shárú le chéile ar ár mbóithre.

I mo ról mar oifigeach cuntasaíochta glacaim freagracht agus leagaim amach ár gcaiteachas de €76 milliún in 2020 ag an ÚSB, laistigh de na cuntais airgeadais atá mionsonraithe ag deireadh na tuarascála seo.

**Sam Waide**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Comhaltaí an Bhoird



**Ms Liz O'Donnell**
Cathaoirleach
Téarma sínte an 24 Deireadh Fómhair 2019



**An tUas. Dimitris Karagiorgis**



**An tUas.Kevin Goulding**



**Ms Donna Price**



**Ms Gillian Treacy**



**Ms Sarah Johnson**
Thosaigh an 4 Samhain 2020



**Ms Ashling Cunningham**
Thosaigh an 4 Samhain 2020



**An tUasal John Cronin**
Thosaigh 4 Samhain 2020



**Derek Cawley**
Thosaigh 4 Samhain 2020

## Réamhrá

# Tá misean an ÚSB simplí: beatha a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú.

Oibrímid chun sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn a fheabhsú tríd an méid a leanas:

- feachtais faisnéise agus oideachais a fhorbairt agus a chur i chun feidhme chun feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a mhéadú agus tiomáint níos sábháilte a chur chun cinn
- caighdeáin feithiclí a fheabhsú
- caighdeán a bhunú agus faireachán a dhéanamh air maidir le teagasc tiománaithe
- maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras tástála agus ceadúnaithe tiománaithe
- tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe áirithe atá nasctha leis an earnáil iompair tráchtála
- maoirseacht a dhéanamh ar an tSeirbhís Tástála Náisiúnta Gluaisteán (TNG) agus bainistíocht ar an gcóras Tástála um Dheimhniú Ródacmhainneachta Feithicle Tráchtála (TRFT)
- oibriú le páirtithe leasmhara chun freagairt chomhordaithe a chinntiú agus a áirithiú go n-úsáidtear ár n-acmhainní comhchoiteanna go ciallmhar agus go héifeachtúil
- ag comhoibriú agus ag plé leis An Garda Síochána maidir le cúrsaí sábháilteachta ar bhóithre
- tabhairt faoi thaighde um imbhuailte agus um shábháilteacht ar bhóithre d'fhonn bearta agus moltaí a fhorbairt chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú
- comhairle a thabhairt don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bheartas sábháilteachta ar bhóithre
- dul chun cinn Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an rialtais a tháirgeadh agus a thuairisciú.

# D'athraigh Covid-19 an chaoi a n-úsáidimid an bóthar

## Is iomaí athrú a tháinig de dheasca na paindéime Covid-19 agus na dtréimhsí dianghlasála mar thoradh air le linn 2020.

De réir mar a d'athraigh an oiread sin den saol poiblí, d'athraigh ár mbóithre freisin. Mar shochaí ghlacamar leis na spásanna lasmuigh inár gceantar áitiúil chun aclaíocht a dhéanamh, aer úr a bhlaiseadh agus chun faoiseamh éigin a fháil a raibh géarghá leis.

Mar thoradh air sin, tháinig méadú mór ar líon na ndaoine a bhí ag rothaíocht, ag siúl, ag rith agus ag marcaíocht capall ina gceantar agus ina bpobail. Mar fhreagra air sin, chuir an rialtas na milliúin euro ar fáil i maoiniú speisialta, d'údaráis áitiúla, chun an bonneagar fisiceach a chur i bhfeidhm chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh sábháilte.

Baineadh amach beagnach thar oíche an méid a bhí á éileamh ag abhcóidí um shábháilteacht ar bhóithre agus maidir leis an taisteal gníomhach le blianta fada, gan aon cheist.



*Íomhá le caoinchead ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin*



*Íomhá le caoinchead ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin*

I mbailte agus i gcathracha ar fud na tíre leathnaíodh cosáin agus cruthaíodh lánaí nua do rothar, rud a scar rothaithe ón trácht príomhshrutha chun scaradh sóisialta a chinntiú ach freisin chun an tsábháilteacht a chinntiú.

Thosaigh muid ag roinnt an spáis ar na bóithre mar is ceart le húsáideoirí leochaileacha bóithre. Fáiltíonn an ÚSB roimh an 'ngnáthnós nua' a cruthaíodh ar ár mbóithre le linn na paindéime. Ba cheart dúinn an méid atá bainte amach a choinneáil. Is éifeacht dhearfach a léirítear sa mhéid sin a d'eascair as COVID-19 agus ba cheart go gcoinneoimis mar rud buan é. Agus spás bóthair comhroinnte á chruthú againn, ní féidir linn díriú ar thimpeallachtaí uirbeacha amháin.

Ní mór dúinn gníomhaíocht den chineál céanna a fheiceáil chun ár mbóithre tuaithe a dhéanamh níos sábháilte d'úsáideoirí leochaileacha bóithre. Tá súil againn go dtiocfaidh laghdú ar an mbagairt ón gcoróinvíreas, ach ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar na rudaí dearfacha a chonaic muid i measc na ndúshlán.

Bheimis ag déanamh leithcheala do gach duine, óg agus aosta, mura ndéanaimid gach is féidir linn chun na rudaí dearfacha seo a choinneáil agus ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do na glúnta atá le teacht.

# Ag Forbairt Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an rialtais 2021–2030

Tá deireadh tagtha le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre rialtas na hÉireann 2013-2020, agus tús curtha le hobair chun an chéad straitéis eile a dhearadh in 2020.

Chuir Gníomh 113 de straitéis 2013–2020 de chúram ar an ÚSB 'meastóireacht ex-post' a dhéanamh, a d'fhéadfaí a úsáid ansin chun an chéad straitéis eile a fhorbairt. Cuireadh tús leis an obair seo go luath in 2020 nuair a ceapadh Indecon, comhairleacht neamhspleách ar eacnamaíocht, chun an mheastóireacht a dhéanamh agus chun cabhrú leis an bpróiseas nua um fhorbairt straitéise.

Áiríodh sa phróiseas forbartha sraith cineálacha cur chuige dea-chleachtais, lena n-áirítear Athbhreithniú Acmhainne Bainistíochta Sábháilteachta ar Bhóithre, próiseas comhairliúcháin domhain le príomhpháirtithe leasmhara, mar shampla Bord an ÚSB agus foireann an ÚSB, agus comhairliúchán poiblí ar líne. Fuarthas níos mó ná 2,000 aighneacht ón bpobal.

Cé go ndearnadh dul chun cinn maidir le sábháilteacht ar bhóithre le linn na straitéise 2013-2020, ba léir go raibh tacaíocht agus fonn i measc geallsealbhóirí agus an phobail chun laghduithe níos mó a bhaint amach i líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar na bóithre ná riamh. Aithníodh, chun é sin a dhéanamh, go gcaithfimid cur chuige bunathraithe a ghlacadh maidir le beartas, cleachtas agus rialachas sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn, mar chur chuige iomlán an rialtais i leith sábháilteachta ar na bóithre.

Mar a thaispeántar sa ghrafaic faisnéise ar dheis, aontaíodh go rithfidh an chéad Straitéis eile um Shábháilteacht ar Bhóithre ó 2021-2030, lena n-ailínítear le spriocanna an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe chun básanna ar bhóithre agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú 50% faoi 2030, agus Fís Sprice ag Nialas a bhaint amach ar deireadh. (gan aon bhás ar na bóithre ná gortuithe tromchúiseacha) faoi 2050. Bunaithe ar chur chuige an Chórais Shábháilte, a ghlacann le cur chuige iomlánaíoch i leith bainistíocht sábháilteachta ar bhóithre, díreoidh an straitéis seo ar seacht réimse idirghabhála tosaíochta lena n-áirítear: Bóithre Sábháilte agus Taobh an Bhóthair Sábháilte, Luas Sábháilte, Feithiclí Sábháilte, Úsáid Shábháilte as na Bóithre, Freagairt Iar-Thimpistí, Modhanna Taistil atá Sábháilte agus Sláintiúil, agus Úsáid Shábháilte as na Bóithre le dul chuig an Obair.

## 2021–2030 Strategy




Chun a chinntiú go bhfuil ár n-idirghabhálacha nuálach agus go léireoidh siad na forbairtí is déanaí sa réimse, beidh trí chéim de phleananna gníomhaíochta sa straitéis sin. Tá plean gníomhaíochta Chéim 1 curtha i gcrích agus cuirfear chun feidhme é le linn 2021–2024, agus cuimseofar 2025–2027 i gCéim 2 agus 2028–2030 i gCéim 3. Déanfar dul chun cinn maidir leo sin agus maidir lenár spriocanna foriomlána a thomhas le tacar de 15 tháscaire feidhmíochta sábháilteachta (TFSanna). Tomhaiseann na TFSanna sin rogha fachtóirí arb eol dóibh tionchar a imirt ar bhásanna agus ar ghortuithe tromchúiseacha ar na bóithre (e.g. luas).

Cuirtear san áireamh sa straitéis sin beartas an rialtais i bpríomhréimsí eile lena n-áirítear athrú aeráide, inbhuanaitheacht, taisteal gníomhach agus cúram tráma. Féachann sé le comhtháthú iomlánaíoch, comhordaithe de na réimsí beartais sin a chur chun cinn laistigh de chur chuige an Chórais Shábháilte, lena n-aithnítear an t-idirspleáchas idir na gníomhaireachtaí éagsúla agus gníomhartha straitéise. Tá cur chuige nua, bunathraithe ann freisin maidir le rialachas agus seachadadh na straitéise ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí, arna maoirseacht ag an gcoiste aireachta.

Leanann an obair chun an doiciméad straitéise a thabhairt chun críche, atá le foilsiú i mí Iúil 2021.

# Éire ar an Ardán Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre




*Sa phictiúr tá Cathaoirleach an ÚSB, Liz O'Donnell, leis an Aire Bonneagair Tomas Eneroth san Aireacht Bonneagair sa tSualainn ag an gcomhdháil.*

## Pléann Comhdháil Dhomhanda um Shábháilteacht ar Bhóithre leis an tSábháilteacht ar Bhóithre mar Dhúshlán Inbhuanaitheachta do Cheantair Uirbeacha

Tionóladh an 3ú Comhdháil Aireachta Domhanda um Shábháilteacht ar Bhóithre i Stócólm an 19-20 Feabhra. Bhí ionadaíocht ón ÚSB ag an gcomhdháil. Ba é príomhthoradh na comhdhála 'Dearbhú Stócólm' a thugann gealltanas do thíortha sínithe, lena n-áirítear Éire chun díriú ar bhásanna ar na bóithre ar fud an domhain a laghdú 50% ar a laghad sna deich mbliana amach romhainn. Iarrann sé freisin sábháilteacht ar bhóithre a áireamh agus pleananna á bhforbairt chun breis inbhuanaitheachta a bhaint amach, i dtéarmaí iompair agus caighdeán na beatha i gceantair uirbeacha.

---

## Fáiltíonn ÚSB roimh thoscaireacht na Portaingéile chun an cleachtas is fearr maidir le sábháilteacht ar bhóithre a roinnt

Tá Éire nasctha leis an bPortaingéil agus leis an Rómáin mar chuid de thionscadal nua sábháilteachta ar bhóithre AE. Tá sé mar aidhm ag Tionscadal Malartaithe um Shábháilteacht Bóthair an Aontais Eorpaigh 2019–2021 líon iomlán na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre AE a laghdú. D'óstáil muid ár gcéad chruinniú le toscaireacht na Portaingéile i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra 2020 chun foghlaim faoi fhorbairt rathúil beartais a chomhroinnt.

Le linn a chuairte dhá lá, thug an ÚSB, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, An Garda Síochána, an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cur síos ar eispéireas na hÉireann maidir le haghaidh a thabhairt ar an tiomáint ar meisce agus ar luas le toscairí ón bPortaingéil agus iad ag leanúint ar aghaidh ag mionchoigeartú cur chuige beartais chun a bhfeidhmíocht um shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Bhí an tUasal Matthew Baldwin, comhordaitheoir Eorpach um shábháilteacht ar bhóithre agus leas-stiúrthóir ginearálta agus Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair in éineacht le toscaireacht na Portaingéile.



Díreoidh an malartú ar Bhallstáit AE a bhfuil an acmhainn is fearr acu feabhsúcháin a bhaint amach maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Tá Éire chun dul i gcomhpháirtíocht leis an bPortaingéil maidir le dea-chleachtas a bhaineann le tiomáint ar meisce agus drugaí a roinnt, agus leis an Rómáin i réimse an fhorfheidhmithe sábháilteachta ar bhóithre.

Is í an Chomhairle Eorpach um Shábháilteacht Iompair (CESI) atá ag bainistiú an tionscadail. Is ENR ceannródaíoch é CESI ar shábháilteacht iompair a oibríonn le saineolaithe sábháilteachta ar bhóithre ó gach cearn den AE.

# Éire ar an Ardán Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre

ar lean




## Léacht acadúil bhliantúil an ÚSB

Mar chuid den tSeachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre 2020, d'óstáil muid ár gcéad léacht acadúil ar líne i mí Dheireadh Fómhair ar an téama 'Tuirse Thiománaithe'. I measc na gcainteoirí saineolaithe ag imeacht sin bhí an tOllamh Walter McNicholas, comhairleoir i míochaine riospráide agus codlata, UCD agus Ospidéal Príobháideach Naomh Uinseann; An Dr Charles Goldenbeld ó SWOV san Ísiltír; agus an Dr Ashleigh Filtness ó Ollscoil Loughborough, Sasana. I measc na n-ábhar a cuireadh i láthair bhí leitheadúlacht (cé chomh coitianta atá sé) agus an tionchar a bhíonn ag tuirse thiománaithe ar an tsábháilteacht ar na bóithre, agus straitéisí coiscthe, lena n-áirítear cóireáil ar neamhoird chodlata.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2020

## Amhail an 31 Nollaig 2020* bhí 136 imbhualadh mharfacha ann, agus mar thoradh air sin bhí 147 mbás ar bhóithre na hÉireann. Is ionann sin agus 7 n-imbhualadh mharfacha níos mó agus 7 mbás níos mó (5%) i gcomparáid le sonraí sealadacha An Garda Síochána don bhliain iomlán 2019*.

### Básanna de réir na bliana, 1997–2020*

Foinse: Bunachar Sonraí Imbhuailtí ÚSB, Meitheamh 2021




*Tá na figiúirí le haghaidh 2018–2020 sealadach agus faoi réir athraithe.

## Díobhálacha Tromchúiseacha

Bhí laghdú 21% ar líon na n-imbhuailtí díobhála tromchúisí a tharla in 2020 (980) i gcomparáid le 2019 (1,239). Bhí sé sin ag teacht le laghdú 20% ar líon na ngortuithe tromchúiseacha a tharla in 2020 (1,098) i gcomparáid le 2019 (1,366).** D'fhéadfadh go mbeadh laghdú foriomlán ar mhéid an tráchta, de bharr srianta a tugadh isteach le linn na paindéime, ar cheann de na tosca a d'fhéadfadh cur leis an laghdú ar imbhuailtí tromchúiseacha agus gortuithe tromchúiseacha.

**Sealadach agus faoi réir athraithe.



# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2020

**ar lean**

## Básanna de réir chineál an úsáideora bóthair, 2019 i gcomparáid le 2020

In 2020, is ionann básanna tiománaithe agus paisinéirí agus beagnach 60% de na básanna, agus is ionann úsáideoirí soghonta bóithre agus 41% de na básanna.

Idir 2019 agus 2020, bhí laghdú ar líon na mbásanna tiománaithe (-12) agus tháinig méadú ar líon na mbásanna i ngach úsáideoir bóthair eile (paisinéir (+10), coisithe (+5), rothaithe (+2), daoine ar ghluaisrothar (+1)).

### Básanna de réir chineál an úsáideora bóthair, 2019 i gcomparáid le 2020




Tá na figiúirí sealadach agus faoi réir athraithe.

## Básanna in aghaidh aon mhilliún den daonra[1]

Ba é 30 bás in aghaidh an mhilliúin den daonra, agus 147 mbásanna an ráta básmhaireachta in 2020. Ba iad an dá bhliain roimhe sin, 2018 agus 2019, na blianta is sábháilte a taifeadadh in Éirinn le 137 mbás in 2018 agus 140 bás in 2019. Bhí ráta de 28 mbás in aghaidh an mhilliúin daonra ag an dá bhliain sin. Idir 1997 agus 2020 tháinig laghdú 77% ar an ráta básmhaireachta ó 129 go 30 bás in aghaidh an mhilliúin den daonra.

### Básanna ó thrácht ar na bóithre in aghaidh an mhilliúin den daonra[1]




Tá na figiúirí le haghaidh 2018–2020 sealadach agus faoi réir athraithe.

Féach leathanach 97 le haghaidh nótaí cúil

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2020

ar lean

## Pointí tagartha um shábháilteacht ar bhóithre




- In 2020, ba é 5.6% an meánráta dífhostaíochta bliantúil. Is méadú é seo ó 5% in 2019[2].




- In 2020, ceadaíodh 84,309 carr phríobháideacha nua den chéad uair. Is laghdú 25.6% é sin i gcomparáid le 2019 (113,305)[3].




- In 2019, tháinig laghdú beag ar na ciliméadair iomlána a thaistil gluaisteáin phríobháideacha ó 36.0 billiún ciliméadar go 35.5 billiún ciliméadar i gcomparáid le 2018[4].




- In 2019, thaistil feithiclí Éireannacha 47.1 billiún ciliméadar san iomlán. Tháinig laghdú beag air sin ó 47.5 billiún ciliméadar i gcomparáid le 2018[4].




- B'ionann agus 16,867 ciliméadar an meán ciliméadar a thaistil gach feithicil in 2019. Ba laghdú é sin ó 17,422 ciliméadar in 2018(-3.2%)[4].




- As 35.5 billiún ciliméadar a thaistil gluaisteáin phríobháideacha in 2019, thaistil 67% ag úsáid carranna díosail agus thaistil 31% ag úsáid carranna peitril, agus thaistil 2% ag úsáid breosla eile [4].

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2020

**ar lean**

## Figiúirí agus básanna in aghaidh gach 100,000 den daonra

- **Líon na mbásanna in aghaidh an chontae 2020**
- **Básanna in aghaidh gach 100,000 den daonra** Bunaithe ar mheastacháin daonra de réir contae 2016 ón bPríomh-Oifig Staidrimh.




Tá na figiúirí le haghaidh 2020 sealadach agus faoi réir athraithe.

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2020

ar lean

## Sábháilteacht ar bhóithre san AE: básanna in aghaidh an mhilliúin den daonra ar fud an Aontais Eorpaigh




Chaill thart ar 18,800 duine a mbeatha ar bhóithre AE in 2020 de réir na bhfigiúirí a cuireadh i láthair sa 15ú tuarascáil PIN um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid CESI*. San AE27, is laghdú 37% é sin i gcomparáid le 2010.

Cé nár baineadh amach comhsprioc laghdaithe maidir le líon na mbásanna ar na bóithre AE do 2020, rinne gach tír feabhsúcháin idir 2010 agus 2020. Ní raibh aon tír san Innéacs Feidhmiúcháin um Shábháilteacht ar na Bóithre ann inar sháraigh líon na mbásanna a taifeadadh in 2020 líon 2010.

Bhí an ráta báis in aghaidh an mhilliúin den daonra is ísle sa tSualainn (19.8), i Málta (23.3), sa Danmhairg (26.6) agus sa Spáinn (28.9) in 2020 i measc an AE27. Tá Éire sa chúigiú háit san Aontas Eorpach i dtéarmaí sábháilteachta ar bhóithre [5].

# Feachtais Feasachta um Shábháilteacht ar Bhóithre

## Feachtas seirbhísí éigeandála

I mí na Nollag 2020 sheolamar feachtas nua ina raibh baill de na seirbhísí éigeandála rannpháirteach chun aird a tharraingt ar an bhfíric gur mhéadaigh líon na mbásanna ar ár mbóithre ar an iomlán a taifeadadh in 2019. Iarratas a tháinig díreach ón bpobal a bhí san fheachtas sin uathu siúd a fheiceann na hiarmhairtí ó imbhuailtí lena súile féin d'fhonn oibriú le chéile chun a chéile a choinneáil slán ar bhóithre na hÉireann.








I seoladh an fheachtais bhí 20˝ cóip VOD, 30˝ raidió (ó gach ceann de na trí bhall ábhartha ón tseirbhís éigeandála) agus ábhar sóisialta i bhfoirm ghearr ar fud ár gcainéal. D'éirigh go maith leis an bhfeachtas ina thorthaí taighde rianaithe tosaigh.

### Éifeachtacht a chonacthas mar thoradh ar an bhfeachtas:

| | An-éifeachtach % | Measartha éifeachtach % |
|---|---|---|
| Ag spreagadh úsáideoirí bóthair a bheith níos airdeallaí fós i rith thréimhse na Nollag | 63 | 24 |
| Obair ár seirbhísí éigeandála a thabhairt chun solais agus muid ag déileáil le hiarmhairtí na n-imbhuailtí bóthair | 65 | 24 |
| Níl aon ghá leis an líon ard básanna agus gortuithe tromchúiseacha de dheasca imbhuailtí bóthair agus is féidir iad a chosc gan aon dabht | 60 | 27 |



# Feachtais Feasachta um Shábháilteacht ar Bhóithre

ar lean

## Fógraíocht sábháilteachta ar bhóithre an ÚSB 2020

Bonn: Gach tiománaí

Léirigh Staidéar Náisiúnta Baróiméadar a rinne Iompar & Dearcthaí in 2020 feasacht leanúnach iontach dár bhfeachtas Gillian Treacy Beatha i dTimpiste. Fiú amháin i gcomhthéacs fheidhmíocht an fheachtais Beatha i dTimpiste le himeacht ama, tá leibhéal feasachta 90% d'fheachtas teilifíse amháin eisceachtúil. Seo an fheasacht is mó go dtí seo as aon fheachtas ÚSB.

Lean feachtais meán cumarsáide eile ag feidhmiú go maith in 2020 agus léirigh siad leibhéil arda feasachta i measc an phobail.

### Feachtais teilifíse ÚSB: spreagadh feasachta 2020



# Feachtais Feasachta um Shábháilteacht ar Bhóithre
**ar lean**

## Buaicphointí feachtais eile in 2020







### Táimid ar an mbóthar ar ais

Chun filleadh sábháilte ar na bóithre a spreagadh do gach úsáideoir bóthair nuair a ardaíodh na srianta ag pointí áirithe in 2020 d'fhorbraíomar ár bhfeachtas 'Táimid ar ais ar an mbóthar'. Trí mheascán de thaispeántais raidió, shóisialta agus dhigiteach d'iarramar ar an bpobal cuimhneamh ar na buneilimintí a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus iad ag teacht amach as an dianghlasáil, agus iad filleadh ar na bóithre a úsáid ar bhealach níos sábháilte ná riamh.




### Gradaim le haghaidh feachtas

Bhuaigh muid duais Airgid sa chatagóir 360 Físeán dár bhfeachtas réaltachta fíorúla maidir le Tuirse Thiománaithe agus Cur Isteach ón nGuthán Póca 'Cur Isteach' ag an 10ú Gradam Bliantúla Lovie a tionóladh go fíorúil i Londain i mí na Samhna. Is é Acadamh Idirnáisiúnta na nEalaíon Digiteach agus na nEolaíochtaí a bhronnann Gradaim Lovie. Is é na gradaim is mó le rá san Eoraip iad as sármhaitheas ar fud láithreán gréasáin, fógraíocht ar líne, físeán idirlín, aipeanna, láithreáin ghréasáin shoghluaiste, podchraoltaí agus na meáin shóisialta.




### Brexit

I mí Feabhra agus i mí Dheireadh Fómhair d'ullmhaíomar chun idirbheartaíocht Brexit a thabhairt chun críche. Leanamar lenár bhfeachtas a reáchtáil ag meabhrú dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus ag tiomáint ar cheadúnais TÉ/RA chun ullmhú do Brexit agus moilleanna a sheachaint, trína gceadúnas TÉ/RA a mhalartú ar cheann Éireannach roimh an 31 Nollaig 2020. Reáchtáladh an feachtas sin ar fud cainéal raidió, sóisialta agus digiteach.

# Feachtais Feasachta um Shábháilteacht ar Bhóithre
ar lean

## Na meáin shóisialta

Bíonn láithreacht láidir ag an ÚSB i gcónaí ar na meáin shóisialta agus bímid ag méadú ár raon feidhme ar líne de shíor.
Tá ocht gcuntas meán sóisialta againn thar sé ardán agus LinkedIn curtha lenár bpunann cainéal.

Trí na meáin shóisialta táimid in ann teachtaireachtaí tráthúla um shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt dár lucht féachana, freagra a thabhairt ar cheisteanna agus aiseolas a bhailiú a chabhróidh lenár bhfeachtais a mhúnlú.




**192,710***
Is maith liom ar Facebook
▲ 7.3%

**35,674***
Lucht leanúna ar Twitter
▲ 14.9%

**9,640***
Síntiúsóirí ar YouTube
▲ 14%

**8,260***
lucht leanúna ar Instagram
▲ 23%

**5,385***
lucht leanúna ar LinkedIn
▲ 42.8%

*Figiúirí amhail ón Nollaig 2020

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá an Fhoireann Oideachais freagrach as oideachas agus oiliúint a sholáthar. Déantar é sin chun a chinntiú go mbeidh na scileanna, an t-eolas agus na dearcthaí cuí ag gach úsáideoir bóthair chun fanacht sábháilte ar na bóithre.

### Seirbhís oideachais um shábháilteacht ar bhóithre ar fud na tíre

| | |
|---|---|
| **399** | cláir oideachais arna seachadadh |
| **1,119** | uaireanta teagmhála arna seachadadh |



### Seiceáil go nOireann sé

| | |
|---|---|
| **2,169** | Seiceáil é Seiceáil go nOireann sé |
| **62** | Imeachtaí maidir le Seiceáil go nOireann sé |

### Tointeálaí – aonad soghluaiste idirghníomhach um shábháilteachta ar bhóithre de chuid ÚSB

| | |
|---|---|
| **23,931** | cuairteoirí |
| **38** | imeachtaí |



### Bí Cliste ar na Sráideanna – acmhainn bunscoile idirghníomhach an ÚSB

| | |
|---|---|
| **3,557** | leanaí |
| **14** | scoileanna |




### Bileog um shábháilteacht ar bhóithre agus marsantas agus dáileadh bróisiúr

| | |
|---|---|
| **162,343** | bróisiúir dáilte |
| **3,580** | cuairteanna marsantachta |



### Ionsamhlóir iompaithe – tugann sé chun solais an éifeachtacht a bhaineann le crios sábhála a chaitheamh

| | |
|---|---|
| **10,763** | cuairteoirí |
| **38** | imeachtaí |



### Dáileadh ard-infheictheachta

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **4,168** | bandaí muinchille do dhaoine fásta | **11,525** | bandaí muinchille do leanaí | **5,270** | soilse rothair |
| **10,074** | málaí éille | **84,913** | veisteanna do dhaoine fásta | **7,540** | clúdaigh mála droma |
| **23,871** | bibí reatha | **3,831** | Criosanna Sam Browne | **33,417** | veisteanna do leanaí |



Chomh maith leis na hearraí ard-infheictheachta a liostaítear thuas, rinneamar ábhair ard-infheictheachta a dháileadh mar chuid d'fheachtais shonracha i rith na bliana.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **38,860** | **61,040** | **82,690** | **5,000** | **4,040** |
| veisteanna do leanaí ar Lá Bíp Bíp | veisteanna do leanaí ag Filleadh ar an Scoil | bandaí muinchille Hi Glo Silver do leanaí | veisteanna do leanaí FBD/Irisleabhar d'Fheirmeoirí | veisteanna do dhaoine fásta FBD/Irisleabhar d'Fheirmeoirí |

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre

ar lean

## Seiceáil go nOireann sé

Is éard atá i gceist le Seiceáil go nOireann sé ná seirbhís seiceála suíochán carr do leanaí é atá saor in aisce ón ÚSB a thaistealaíonn ar fud na tíre chun í a sholáthar. Ó Dheireadh Fómhair 2013, chuir ár seirbhís Seiceáil go nOireann sé seiceálacha ar shuíocháin carr do leanaí ar fáil saor in aisce ag ár n-imeachtaí ar fud na tíre. Mar fhreagra ar phaindéim Covid-19 chuir muid an tseirbhís ar fionraí i mí an Mhárta 2020. Rinneamar é a athsheoladh mar sheirbhís fíorúil nua ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2020.

CHECK IT FITS
CHILD CAR SEAT CHECKING SERVICE

We are signed up RSA Code of Practice for Child Car Seat Retailers 2021

**2,169**
Líon suíochán carr do leanaí a seiceáladh in 2020

**1,359**
Cuairteoirí chuig an tseirbhís Seiceáil go nOireann sé in 2020

### Seiceáil go nOireann sé de réir suímh

**14** contaetha ar tugadh cuairt orthu in 2020

**29** suíomhanna ar tugadh cuairt orthu in 2020

**20** suíomh SuperValu
**2** suíomh Toyota
**7** suíomh neodrach

**65** seiceálacha ar an meán in aghaidh an tsuímh in 2020

### Seirbhís fhíorúil maidir le Seiceáil go nOireann sé

**10 Deireadh Fómhair 2020** An chéad imeacht ar siúl

**33** imeachtaí fíorúla a óstáladh in 2020

**296** suíocháin carr leanaí a rinneadh a sheiceáil tríd an tseirbhís fhíorúil

**96%** líon na gcuairteoirí a mheas go raibh an tseirbhís fhíorúil ar fheabhas



Imeachtaí maidir le Seiceáil go nOireann sé in 2020

**62**

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre
ar lean




## Cód Cleachtais

I mí na Nollag 2020, mar chuid dár dtiomantas do Ghníomh 11 den *Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais 2013-2020*, d'fhoilsíomar *Cód Cleachtais do Mhiondíoltóirí Suíochán Gluaisteáin do Leanaí*.

Is é aidhm an Chóid Chleachtais sin an fhaisnéis agus an t-oideachas go léir a fhaigheann custaiméirí ar shuíocháin ghluaisteáin do leanaí ag an bpointe ceannaigh a thabhairt ar aon dul le ceanglais dhlíthiúla agus dea-chleachtas. Tá sé mar aidhm ag an gCód freisin cabhrú leis an bpobal a bheith muiníneach go bhfuil an fhaisnéis cheart agus an cúnamh a theastaíonn uathu agus suíochán gluaisteáin linbh á cheannach acu.

## Oiliúint um shábháilteacht rothaíochta

In 2020, chríochnaigh 8,641 leanbh bunscoile oiliúint ar Rothaíocht mar is Ceart. Is ionann Rothaíocht mar is Ceart agus an caighdeán náisiúnta d'oiliúint rothaíochta. Is é Rothaíocht na hÉireann a bhainistíonn é agus rinneamar maoiniú de €67,000 i leith an chláir seo in 2020. Mar gheall ar an bpaindéim Covid-19, in 2020 bhí níos lú rannpháirtithe ann agus níos lú maoinithe curtha ar fáil ná mar a bhí sna blianta roimhe seo.

**8,641**

ghlac daltaí bunscoile páirt i Rothaíocht mar is Ceart

**€67,000**

ar chuir an ÚSB leis na cláir um Rothaíocht mar is Ceart

# Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre

ar lean

**€2,877.52**



a tugadh d'údaráis áitiúla chun tacú leis an Scéim Maor Scoile Sóisearach




## Scéim Maor Scoile Sóisearach

In 2020 thugamar maoiniú de €2,877.52 d'údaráis áitiúla chun tacú leis an Scéim Maor Scoile Sóisearach. Ghlac 11 scoil agus 318 maor páirt sa scéim sin san iomlán.

**200+**



Tháinig níos mó ná 200 rannpháirtí isteach inár Seimineár Gréasáin maidir le Tiomáint chun na hOibre

## Rinne ÚSB an Seimineár Gréasáin 'Ag Tiomáint chun na hOibre' a óstáil in 2020

I mí na Samhna 2020 d'oibríomar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus leis An nGarda Síochána chun seimineár gréasáin ar líne a sholáthar maidir le Tiomáint chun na hOibre a bhainistiú. Ba é sin an chéad uair a rinneamar an imeacht a sheachadadh ar líne. Bhí an seimineár gréasáin dírithe ar fhostóirí, ar bhainisteoirí agus ar mhaoirseoirí a bhfuil freagracht orthu as oibríochtaí sábháilte flít. Rinne níos mó ná 200 rannpháirtí logáil isteach ar an seimineár gréasáin ar an lá.

Ba é an tOllamh Desmond O'Neill ón Oifig Náisiúnta um Leigheas Tráchta an príomhchainteoir Labhair an tOllamh O'Neill faoi fholláine leighis le bheith ag tiomáint, thug eolas reatha ar thionchar riochtaí míochaine agus ar an mbealach is fearr le folláine leighis a bhainistiú agus duine ag tiomáint chun na hoibre.






# Oideachas Tiománaithe um Shábháilteacht ar Bhóithre

## Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) do Theagascóirí Tiomána Faofa (TTF) agus Oiliúint Bhunúsach Tosaigh (OBT)

Tá an ÚSB freagrach as rialáil a dhéanamh ar thionscal na dtreoracha tiomána in Éirinn.

Amhail an 31 Nollaig 2020 bhí 1,797 TTFanna, agus bhí 1,661 díobh ag soláthar Oiliúna Riachtanaí Tiománaithe (ORT) do thiománaithe faoi oiliúint. Ó tugadh isteach é tá TTFanna  tar éis níos mó ná trí mhilliún ceacht ORT a sheachadadh do níos mó ná 260,000 tiománaithe faoi oiliúint.

Tugadh os cionn 643,000 seisiún ORT chun críche le linn 2020.
Rinneadh níos mó ná 3,500 de chláir OBT a sheachadadh le linn 2020.

**Líon na TTFanna arna miondealú de réir contae 2020**




**Iomlán**

**ADIs**

**1,797**

# Oideachas Tiománaithe um Shábháilteacht ar Bhóithre
ar lean

## An próiseas tástála do cháilíocht na dTeagascóirí Tiomána Faofa (TTF)

Cuireadh deireadh leis an bpróiseas tástála cáilíochta TTF ó thaobh oibríochtaí de an 13 Márta 2020 mar gheall ar Covid-19 agus níor atosaíodh Tástálacha Seiceála TTF go dtí tús Mheán Fómhair 2020.

Ina dhiaidh sin tugadh isteach tástálacha Chéim 2 agus 3 TTF i dtreo dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2020. Tharla filleadh mall na seirbhísí TTF mar gheall ar an riosca tras-seolta áirithe a bhain leis an tseirbhís sin a sholáthar, toisc go bhfuil an fad idir an t-iarrthóir agus an scrúdaitheoir TTF níos lú ná méadar i bhformhór na gcásanna agus go dtarlaíonn gach tástáil i bhfeithicil iata.

Agus na nósanna imeachta agus na prótacail i bhfeidhm d'éirigh linn ár seirbhísí TTF a atosú ach gan iad a bheith ar a lán-acmhainneach. Rinneadh an tseirbhís a theorannú a dhiaidh sin do thástáil oibrithe riachtanacha le linn srianta Leibhéal 5 ón 22 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain 2020. Le linn na tréimhse sin, cuireadh na Tástálacha Seiceála TTF ar fionraí. Lean seachadadh tástálacha Chéim 2 agus 3 TTF, áfach, trí shrianta Leibhéal 5.

## An phaindéim COVID-19

Mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 chiallaigh cur ar fionraí na hoiliúna maidir le Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla Thiománaithe (DIG) nach raibh tiománaithe gairmiúla busanna agus trucailí a bhí i mbun a modúil oiliúna dheiridh a chríochnú agus a gcárta cáilíochta DIG a athnuachan in ann é sin a dhéanamh.

I gcomhar le Coimisiún an Aontais Eorpaigh dheonaíomar síneadh do thiománaithe a bhfuil cárta bailí DIG Thiománaithe Éireannacha acu a rachaidh in éag idir an 1 Feabhra agus an 31 Lúnasa 2020. Leis an mbeart sin laghdaíodh ar an gcur isteach agus cinntíodh go raibh sreabhadh leanúnach earraí ann. Ina theannta sin bhí níos mó ama ag tiománaithe a gcuid oiliúna DIG a chríochnú agus a gcárta cáilíochta DIG a athnuachan. Ó atosaíodh seirbhísí oiliúna DIG in 2020 ní raibh aon bhriseadh breise ann maidir le hoiliúint thréimhsiúil DIG a sholáthar.

# Oideachas Tiománaithe um Shábháilteacht ar Bhóithre

ar lean

## Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla Thiománaithe (DIG Thiománaithe)

Táimid freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh oiliúna do DIG Thiománaithe in Éirinn. Is gairmoiliúint bhreise í sin a chaithfidh tiománaithe gairmiúla a dhéanamh.

Go dtí seo, tá 76,307 cúrsa oiliúna DIG Thiománaithe curtha i gcrích ó tugadh isteach DIG Thiománaithe.

**Ionaid oiliúna DIG in aghaidh an chúige faoin 31 Nollaig 2020**




- Eagraíochtaí oiliúna
- Ionaid oiliúna

**Iomlán**

**Eagraíochtaí oiliúna**

94

**Ionaid oiliúna**

259

# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe

## Faisnéis faoi thástáil tiománaithe 2020

### Achoimre

| | Líon iarratas a fuarthas | Iomlán na dtástálacha a tairgeadh | Pasráta |
|---|---|---|---|
| Gluaisrothair | 4,073 | 2,540 | 65.70% |
| Gluaisteáin | 138,250 | 89,790 | 52.10% |
| Feithiclí C | 6,025 | 5,740 | 76% |
| Feithiclí D | 2,260 | 2,486 | 74.70% |
| Gluaisteán agus leantóir | 2,654 | 2,115 | 82.90% |
| Tarracóir | 95 | 2 | 100% |
| Iomlán | 153,357 | 102,673 | 55% |



### Déantar tástálacha a tairgeadh a mhiondealú de réir toraidh

**8.7%**
Níor tháinig (níor fhreastail an t-iarratasóir ar an gcoinne)
**8,925**

**3.9%**
Ní dhearnadh é (fadhb maidir le doiciméad iarrthóra nó feithicil)
**4,005**

**2.1%**
Éiríodh as (e.g. mar gheall ar an aimsir nó cliseadh feithicle le linn na tástála)
**2,163**

**85.3%**
Rinneadh an tástáil (torthaí pas agus teipe)
**87,580**

**100%**
Iomlán na dtástálacha a tairgeadh
**102,673**

# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe

ar lean



## Covid-19 agus an tSeirbhís Tástála Tiománaithe

Chuir an tSeirbhís Tástála Tiománaithe oibríochtaí ar fionraí an 13 Márta 2020 mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus atosaíodh í le haghaidh trucailí agus busanna ar an 29 Meitheamh agus do charranna ar an 20 Iúil 2020.

Tharla sé sin mar gheall ar an riosca tras-seolta áirithe a bhaineann le seachadadh na seirbhíse sin, toisc go bhfuil an fad idir an t-iarrthóir agus an tástálaí tiomána níos lú ná méadar i bhformhór na gcásanna agus go dtarlaíonn an tástáil i bhfeithicil iata. Le linn na tréimhse sin leanamar ag seachadadh líon teoranta tástálacha d'oibrithe túslíne. Rinneadh an tseirbhís a theorannú a dhiaidh sin do thástáil oibrithe riachtanacha le linn srianta Leibhéal 5 ón 22 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain 2020.

Ón atosú céimnithe ar an tseirbhís an 29 Meitheamh 2020 go dtí deireadh na bliana rinneadh níos mó ná 62,000 tástáil tiomána. Cuireadh bearta láidre cuimsitheacha i bhfeidhm chun leathadh Covid-19 a chosc dár bpobal agus dár bhfoireann. Chloíomar le treoir sláinte poiblí agus chinntíomar seirbhísí sábháilte agus d'oibríomar go crua chun ár gcustaiméirí a choinneáil slán.

# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe

ar lean

N

## Rátaí pas 2020 do Chatagóir B (carr) de réir lárionaid tástála

■ Pas
■ Teip




**Meán foriomlán**

**52%**



# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
ar lean

## Anailís ar ráta pas de réir déimeagrafach

**Pasráta**






**Tástálacha carr maidir le hOiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT) amháin**




Ráta pas do thiománaithe atá faoi réir ORT




Ráta pas do thiománaithe nach bhfuil faoi réir ORT

# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe

ar lean

## Na lochtanna is coitianta ag an tástáil (tástálacha carranna amháin)




## Na cúiseanna is coitianta le haghaidh tástálacha nach ndéantar



# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
**ar lean**

## Covid-19 agus an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána

Mar fhreagairt ar shrianta Covid-19 an rialtais chuir an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána (SNCT) oibríochtaí ar fionraí an 27 Márta 2020.

Atosaíodh an tseirbhís ar an 8 Meitheamh 2020. Mar fhreagairt ar sheirbhísí a chur ar fionraí ar fud na gceadúnas tiomána AE a chuaigh in éag ar dhátaí éagsúla in 2020, leathnaíodh a mbailíocht. Ina theannta sin leathnaíodh dátaí éaga na gceadanna foghlaimeora. Chabhraigh sé sin le líon na ndaoine a theastaíonn chun freastal ar ionad SNCT a laghdú chun ceadúnas tiomána a athnuachan nuair a atosaíodh an tseirbhís. Ciallaíonn tionchar na síntí go mbeidh méideanna níos airde ná mar is gnách d'athnuachan ceadúnas tiomána agus foghlaimeora dlite i bhfómhar na bliana 2020 agus i rith na bliana 2021. Ar an 13 Márta 2020, chun brú ar sheirbhísí dochtúirí teaghlaigh a laghdú, thugamar díolúine shealadach isteach dóibh siúd os cionn 70 bliain d'aois gan tinneas sonraithe. Ní raibh orthu deimhniú leighis a sholáthar a thuilleadh agus a gceadúnas á athnuachan. Tá an díolúine sin fós i bhfeidhm in 2021.

**49,685**

líon na ndaoine a rinne iarratas ar a gceadúnas tiomána RA a mhalartú



# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
ar lean

## Ionaid NDLS agus ionaid tástála teoirice tiománaithe de réir an chontae 2020




**Ionad tástála teoirice tiománaithe**

**43**

**Ionaid NDLS**

**37**

# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
ar lean

## An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána (SNCT)

**347,988**
ceadúnais iomlána a eisíodh

**81%**
ceadúnais agus ceadanna arna n-eisiúint laistigh de 3-5 lá

**136,128**
ceadanna foghlaimeora arna n-eisiúint

**20,934**
ceadúnais eachtranacha a malartaíodh

### Brexit

Mar thoradh ar Brexit, ón 1 Eanáir 2021 ní fhéadfaidh sealbhóir ceadúnais tiomána TÉ/RA atá ina chónaí anseo tiomáint ar an gceadúnas sin a thuilleadh. Idir 2019 agus 2020, rinneadh beagnach 70,000 iarratas ar mhalartú ceadúnais TÉ/RA a thabhairt chun críche nó á bpróiseáil ag an SNCT. Gan an Bhreatain a bheith ina ball den AE a thuilleadh, tugadh comhaontú déthaobhach malairte ceadúnais idir Éirinn agus an RA i gcrích i mí na Nollag 2020. Ligeann sé sin do chónaitheoirí anseo a bhfuil ceadúnas TÉ/RA acu é a mhalartú le haghaidh ceann Éireannach.

### Miondealú ar na ceadanna foghlaimeora agus na ceadúnais tiomána a soláthraíodh in 2020

| Cineál iarratais | Líon na n-iarratas |
|---|---|
| Ceadúnas tiomána céaduaire (gan malartú ceadúnais eachtrannaigh san áireamh) | 36,057 |
| Malartú ceadúnais eachtrannaigh | 20,934 |
| Cead foghlaimeora céaduaire | 62,603 |
| Ceadúnas tiomána athnuaite | 283,638 |
| Athnuachan ceadúnais tiomána athnuaite | 66,705 |
| Ceadúnas tiomána ionaid | 28,293 |
| Cead foghlaimeora ionaid | 6,820 |
| **Iomlán** | **505,050** |

### An 5 thír mhalartaithe is mó

| | |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann | 53% |
| An Pholainn | 7% |
| An Rómáin | 5% |
| An Afraic Theas | 4% |
| Ceanada | 4% |

# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
ar lean

## Ceadanna foghlaimeora agus ceadúnais tiomána iomlána atá reatha an 31 Nollaig 2020 de réir cineáil i ngach contae




- Ceadanna foghlaimeora
- Ceadúnais tiomána iomlána

**Ceadanna foghlaimeora**

**Iomlán**

**255,142**

**Athrú ón 31 Nollaig 2019**

**-4,768**

**Ceadúnais tiomána iomlána**

**Iomlán**

**3,047,912**

## Líon na dtiománaithe a bhfuil ilcheadanna foghlaimeora acu in 2020



# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
ar lean

## Ceathrú cead foghlaimeora nó ceadanna ina dhiaidh sin atá reatha an 31 Nollaig 2020 arna miondealú de réir contae

Tháinig laghdú 8% in 2020 orthu siúd ar an gceathrú cead foghlaimeora nó cead foghlaimeora ina dhiaidh sin*.




■ 4ú cead foghlaimeora nó ina dhiaidh sin

**2020**

**34,996**

**2019**

**38,386**

* Tá an figiúr sin saobhaithe beagán toisc gur síneadh dátaí éaga sealbhóirí ceadanna foghlaimeora in 2020 agus chiallaigh sé sin nár tharla an gnáthdhul chun cinn idir ceadanna foghlaimeora do go leor sealbhóirí ceada.

# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe

ar lean

## Tástáil teoirice tiománaithe 2020




Bhí tionchar mór ag Covid-19 ar an tseirbhís Tástála Teoirice Tiománaithe (TTT) agus cuireadh an tseirbhís ar fionraí ón 25 Márta go dtí an 8 Meitheamh. Cuireadh ar fionraí é ina dhiaidh sin ón 22 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain 2020. Ciallaíonn sé sin go bhfuil riaráiste suntasach iarratas le bainistiú nuair a atosóidh an tseirbhís. Leanadh den tseirbhís a chur ar fionraí isteach in 2021.



# Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe

**ar lean**

## Caighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála

Tá an tionscnamh um Chaighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála (CTSÉ) i bhfeidhm go daingean anois. Táimid ag leanúint den chaighdeán gairmiúil sin a fhorbairt agus a chothabháil do thiománaithe feithiclí seirbhísí éigeandála, agus an cleachtas is fearr á úsáid i gcónaí.

Is rud deonach atá sa chaighdeán. Tá forbairt déanta againn air do thiománaithe seirbhísí éigeandála i róil éagsúla. Ina measc sin tá tiománaithe atá i dtacaíocht oibríochta, i.e. tagraíonn siad do thiomáint neamhfhreagartha agus tacú le hoibríochtaí na heagraíochta agus tiománaithe freagartha éigeandála sna seirbhísí sin a dtugtar díolúintí dóibh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus iad i mbun a ndualgas.

Is é aidhm an chaighdeáin na rioscaí uathúla a bhaineann le húsáid feithiclí seirbhíse éigeandála a laghdú go mór agus sábháilteacht úsáideoirí bóthair eile, pearsanra na seirbhíse éigeandála agus a gcuid paisinéirí a chur ar dtús.




### Líon na ndeimhnithe tiománaí ESDS a eisíodh in 2020




Iomlán na ndeimhnithe tiománaí CTSÉ arna n-eisiúint in 2020

**372**

# Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú

Forbraíonn ár bhfoireann ár rialacha agus ár mbeartais náisiúnta maidir le caighdeáin fheithiclí agus tástáil theicniúil um ródacmhainneacht. Tugaimid faisnéis theicniúil don tionscal agus don phobal. Leanaimid orainn ag lorg bealaí chun caighdeán feithiclí ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú trí chaighdeáin shábháilteachta nua a thabhairt isteach agus tábhacht sábháilteachta fheithiclí na hÉireann a chur chun cinn.

Bímid ag faire go géar ar fhorbairtí idirnáisiúnta i dteicneolaíochtaí sábháilteachta feithiclí trí pháirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuimsíonn ar na teicneolaíochtaí sin ardchórais cúnaimh do thiománaithe agus gluaisteáin uathrialaitheacha.



## Caighdeáin theicniúla nua d'fheithiclí

Is é Rialachán (AE) 2018/858 an Creat-Rialachán nua um Chineálcheadú feithicle a d'fhoilsigh an tAontas Eorpach. Neartaigh sé cáilíocht na tástála agus tugadh isteach leis faireachas margaidh agus maoirseacht ar an bpróiseas cineálcheadaithe do gach feithicil nua. Cuidíonn cineálcheadú le bacainní ar thrádáil do mhonaróirí a bhaint agus cinntíonn sé go ndéantar feithiclí nua de réir caighdeán sábháilteachta agus comhshaoil forordaithe. Le linn 2020, rinneamar comhairliúchán poiblí leis an tionscal maidir leis an gCreat-Rialachán nua. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, d'fhorbraíomar dlí nua chun na caighdeáin theicniúla d'fheithiclí atá ceadaithe go náisiúnta a neartú.

Bhunaigh agus cheap an dlí nua sin an ÚSB mar Údarás Faireachais Margaidh Feithicleach (ÚFMF) d'Éirinn. Tá aonad ÚFMF le tosú ar ghníomhaíochtaí in 2021. Áireofar an méid a leanas ar a phríomhdhualgais:

- seiceálacha fíoraithe comhlíonta a dhéanamh ar fheithiclí, mar chuid d'aidhm an Chreat-Rialacháin leibhéal ard caighdeán sábháilteachta agus comhshaoil a bhaint amach
- faisnéis a fhoilsiú ó mhonaróirí feithiclí maidir le hathghairm fheithiclí
- freastal ar chruinnithe AE
- oibriú le Ballstáit eile ar fhaireachas margaidh feithiclí.

Le linn 2020, rinneamar dlíthe tráchta ar bhóithre a nuashonrú chun ligean do lampaí tosaigh ardaithe a úsáid i bhfeithiclí imréitigh bóithre. D'fhéadfadh nascán céachta sneachta atá suite chun tosaigh na ceannsoilse tosaigh bunaidh sna feithiclí sin iad a cheilt. Feistítear na nascáin sin le feithiclí a leagann grean nuair a bhíonn údaráis áitiúla ag glanadh sneachta, oighir agus sioc ó na bóithre.

Chuireamar tús leis an dara céim de dhlíthe tráchta tánaisteacha náisiúnta a nuashonrú maidir le caighdeáin thógála agus úsáid feithiclí ar bhóithre poiblí.

# Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú

ar lean

## Tionscadail

Bunaíodh creat-chomhaontú tacaíochta teicniúla nua i mí an Mheithimh 2020 chun freastal ar raon tionscadal i gCaighdeáin D'Fheithicil.

- Bunaíodh Grúpa Oibre um Fheithiclí Uathrialacha Cónasctha (FUC) tras-disciplín san ÚSB. Cuireadh tús le staidéar chun na cleachtais dhomhanda is fearr a iniúchadh chun FUC a chomhtháthú go sábháilte. Tá súil againn ón athbhreithniú seo na dúshláin agus na deiseanna a thabharfaidh FUC do shábháilteacht ar bhóithre a chinneadh.
- Rinneamar imscrúdú freisin ar theaglaim fhéideartha de lochtanna móra i limistéar sonrach feithicle le linn iniúchadh ar ródacmhainneacht a d'fhéadfadh riosca níos airde a bheith ann don tsábháilteacht ar bhóithre. Áireofar na teaglamaí sin in iniúchtaí ar acmhainneacht bóthair TNG in 2021.
- Rinneamar athbhreithniú ar an gcóras reatha ceadanna feithiclí ÚSB. Rinneamar na torthaí a dhoiciméadú i dtuarascáil, inar shainaithníomar feabhsuithe agus deiseanna chun nasc a dhéanamh le forbairtí amach anseo.
- Rinneamar TRL Limited a choimisiúnú chun staidéar a dhéanamh ar mhodhnuithe feithiclí ar líonra bóithre na hÉireann agus chun an creat rialála reatha a bhaineann le modhnuithe feithiclí a scrúdú.
- Chuireamar páipéar seasaimh faoi bhráid na Roinne Iompair maidir leis na roghanna atá ar fáil chun ró-ualú feithiclí in Éirinn a rialú d'fhonn Treoir 96/53/CE an AE a chomhlíonadh. Tá feithiclí ró-ualaithe contúirteach do shábháilteacht ar bhóithre má bhíonn siad ag feidhmiú os cionn a n-uasualaí saincheaptha.
- Rinneamar athbhreithniú agus thugamar aiseolas don soláthraí Seirbhíse Oiliúna um Dheimhniú Ródacmhainneachta Feithicle Tráchtála (RFT) maidir le lámhleabhair oiliúna RFT nuashonraithe a fhorbairt. Áiríodh leis sin ábhair mar theicneolaíochtaí nua sábháilteachta feithiclí agus feithiclí leictreacha.



# Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú

ar lean

Déanaimid cigireachtaí ar thaobh an bhóthair agus ar áitribh araon. Is cuid iad sin dár straitéis forfheidhmithe lena chinntiú go bhfuil oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála ag leanúint na rialacha.

Cuireadh isteach ar na cigireachtaí seo in 2020 mar gheall ar an bpaindéim Covid-19. Rinneamar athbhreithniú ar ár bprótacail chigireachta agus thosaíomar á gcur chun feidhme nuair a mheas an rialtas go raibh seirbhísí forfheidhmithe riachtanach.

Úsáideann ár bhfoireann forfheidhmithe túslíne aip fhorfheidhmithe ar a bhfón, a thugann an fhaisnéis dóibh a theastaíonn uathu chun a gcuid oibre a dhéanamh. Díríonn ár straitéis forfheidhmithe ar oibreoirí agus ar thiománaithe a mheastar a bheith ina n-ardriosca bunaithe ar ár gcóras rátála riosca, agus laghdaíonn sé an mhíchaoithiúlacht dóibh siúd a mheastar a bheith ina riosca íseal.



## Oibríochtaí do chustaiméirí 2020

**3,299**

iarratas ar iompar earraí contúirteacha (ADR) a phróiseáiltear trínár seirbhís 24/7 ar líne

**9,903**

feithiclí a eisítear le maoluithe deireadh sraithe

**39**

tugadh ceadanna speisialta d'fheithiclí seirbhíse poiblí chun a bhfeidhmiú ar bhóithre poiblí a cheadú

**1,112**

ceisteanna teicniúla a láimhseáladh

# Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú

**ar lean**

## Tógadh na hardaitheoirí go léir in ionaid tástála TNG as feidhm ag deireadh mhí Eanáir 2020 mar gheall ar shaincheist sláinte agus sábháilteachta (106 ardaitheoir i 47 n-ionad tástála).



Tar éis iniúchadh mionsonraithe a dhéanamh ar gach ardaitheoir, tugadh ochtar ar ais i seirbhís laistigh de chúpla lá i sé ionad tástála TNG. Suiteáladh trí ardaitheoir iniúchta nua i mí Feabhra. Athsholáthraíodh nó deisíodh na 98 n-ardaitheoir eile agus cuireadh ar ais i seirbhís iad mar chuid de chlár comhaontaithe. Rinneadh an obair sin de réir na srianta le linn an tseirbhís a chur ar fionraí mar gheall ar Covid-19. Faoi lár mhí Iúil bhí rochtain ag gach ionad tástála ar ardaitheoirí feidhmiúla agus faoi lár mhí Mheán Fómhair rinneadh na hardaitheoirí go léir a dheisiú nó a athsholáthar.

Dúnadh an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Gluaisteán (SNTG) an 28 Márta 2020 de réir shrianta sláinte poiblí an rialtais.

Cuireadh reachtaíocht i bhfeidhm chun teastais tástála a shíneadh ceithre mhí. Deonaíodh an síneadh dóibh siúd go léir a raibh dáta dlite tástála acu an 28 Márta nó dá éis (seachas gluaisteáin a raibh an chéad TNG dlite dóibh ón 1 Lúnasa 2020).

Athosclaíodh ionaid tástála TNG de réir a chéile ón 8 Meitheamh, agus athosclaíodh gach ionad tástála an 20 Iúil 2020. In 2020 chuir an rialtas tús le dianghlasáil náisiúnta mar chuid dá chath i gcoinne Covid-19. Cuireadh tús leis an gcéad dianghlasáil i mí an Mhárta 2020 agus cuireadh tástáil RFT ar fionraí ón 28 Márta 2020, agus atosaíodh tástáil shrianta an 18 Bealtaine agus atosaíodh tástáil neamhshrianta an 15 Meitheamh 2020.

Ina dhiaidh sin cuireadh tástáil RFT le liosta na seirbhísí riachtanacha agus d'fhan sí ar oscailt le linn na ndianghlasálacha breise. Tugadh síneadh trí mhí ar dhátaí dlite tástála le haghaidh feithiclí a raibh deimhniú ródacmhainneachta bailí acu (DRA) an 28 Márta 2020 agus le haghaidh feithiclí nua-chláraithe idir an 28 Márta agus an 30 Meitheamh 2019.

| Cineál Iarratais | Seirbhís um Thástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG) | Tástáil um Dheimhniú Ródacmhainneachta Feithicle Tráchtála (TDRFT) |
|---|---|---|
| Tástálacha iomlána déanta | 1,006,984 | 443,561 |
| Ráta pas ar thástálacha iomlána | 51.5% | 65% |
| Teip mar gheall ar thorthaí Contúirteacha - gach tástáil | 60,398 | 25,237 |
| Na comhpháirteanna teipe is coitianta | ■ Lampaí<br>■ Crochadh agus stiúradh<br>■ Coscáin<br>■ Boinn | ■ Coscáin<br>■ Lampaí<br>■ Stiúradh agus crochadh<br>■ Astaíochtaí |

* Tar éis Threoir nua AE 2014/45/AE, ó Lúnasa 2018 tá líon níos mó lochtanna atá aicmithe anois mar Theip Contúirteach, mar shampla boinn lochtacha agus saincheisteanna a bhaineann leis na coscáin. Ní féidir na figiúirí sin a chur i gcomparáid leis na blianta roimhe seo.

# Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú
ar lean

## acmhainneacht TNG

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| ionad tástála TNG | 47 | 47 |
| Cigirí feithiclí TNG | 566 | 547 |

## Rátaí pas/teipe TNG

Tháinig méadú beag ar na rátaí pas den chéad uair in 2020 go xxx %. Bhí sé seo go príomha mar gheall ar fhlít níos óige.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Rátaí pas den chéad uair | 51.5% | 49.98% |
| Meánaois na feithicle | 8.06 bliain | 8.2 bliain |

## Dianfhaireachán TNG

Déanaimid monatóireacht ar fheidhmíocht TNG ag úsáid roinnt príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna). Ina measc sin tá seirbhís fhoriomlán do chustaiméirí, a thaispeánann gur sháraigh conraitheoir an TNG íoschaighdeáin le linn 2020.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Meánam feithimh do TNG | 15.25 lá | 8.38 lá |

## Feidhmíocht tástála TDRFT in am trátha

Taispeántar sa tábla seo a leanas comhlíonadh tástála feithiclí tráchtála a tástáladh laistigh de mhí ó dháta dlite na tástála.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Gach feithicil TDRFT | 67% | 70% |
| Feithiclí tráchtála éadroma (FTÉanna) | 65% | 66% |
| Feithiclí troma tráchtála (FTTanna) 3.5 go 7.5 tona | 66% | 68% |
| Busanna móra | 83% | 89% |

## Faireachán ar fheidhmíocht TDRFT

Mar chuid de dhianchlár monatóireachta agus maoirseachta, rinneamar iniúchadh ar ionaid TDRFT agus ar thástálaithe RFT le linn 2019.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Cigireachtaí ar ionaid tástála RFT | 1,673 | 1,812 |
| Cigireachtaí RFT arna mbreathnú ag tástálaí | 2,259 | 2,614 |
| Cigireachtaí neamhspleácha tástálaí RFT | 1,173 | 1,456 |

**47**
ionaid tástála TNG

**51.5%**
Ráta pas TNG den chéad uair

**1,673**
Cigireachtaí ar ionaid tástála RFT

**67%***
Feidhmíocht tástála TDRFT in am trátha

* Figiúirí cigireachta lárionaid tástála agus tástálaí 2020 thíos ar fhigiúirí 2019 mar gheall ar thástálacha agus cigireachtaí TISP (Comhpháirtí Seirbhíse um Chigireacht Theicniúil) a chur ar fionraí ar feadh 3 mhí in 2020 mar gheall ar Covid-19.

# Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú

**ar lean**

## Forfheidhmiú agus comhlíonadh

Déanaimid cigireachtaí ar thaobh an bhóthair agus ar áitribh araon. Is cuid iad sin dár straitéis forfheidhmithe lena chinntiú go bhfuil oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála ag leanúint na rialacha.

### Seiceálacha cois bóthair – ródacmhainneacht

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na seicphointí | 1,089 | 1,681 |
| Feithiclí a seiceáladh | 11,375 | 11,346 |
| Feithiclí lasmuigh den stát a seiceáladh | 1,209 | 1,171 |
| Lochtach ar shlí chontúirteach | 489 | 444 |
| Feithiclí ar braitheadh go bhfuil lochtanna móra orthu | 2,684 | 2,927 |
| Ráta comhlíonta | 51% | 48% |

### Cigireachtaí ar áitribh oibreoirí – ródacmhainneacht

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na gcigireachtaí | 3,458 | 4,918 |
| Líon na bhfeithiclí a seiceáladh | 2,723 | 3,040 |
| Treoracha eisithe | 363 | 617 |
| Ráta comhlíonta ar an gcéad chuairt | 53% | 44% |
| Ráta comhlíonta ar an dara cuairt | 67% | 65% |

### Seiceálacha cois bóthair – uaireanta tiománaithe, tacagraf agus seiceálacha ceadúnaithe oibreora

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na dtiománaithe a seiceáladh | 1,955 | 2,384 |
| Líon na dtiománaithe lasmuigh den stát a seiceáladh | 305 | 275 |
| Iomlán na dtaifead a seiceáladh | 47,917 | 56,202 |
| Sáruithe a braitheadh | 2,680 | 2,879 |
| Ionchúisimh arna dtosú | 278 | 229 |
| Ráta comhlíonta | 62% | 65% |



### Seiceálacha ar an áitreabh – uaireanta tiománaithe, tacagraf agus seiceálacha ceadúnaithe oibreora

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na gcigireachtaí | 154 | 171 |
| Líon de thaifid tiománaithe a seiceáladh | 1,229 | 2,540 |
| Líon na laethanta oibre a ndearnadh anailís orthu | 161,340 | 320,278 |
| Líon na sáruithe a braitheadh | 3,873 | 4,775 |
| Ionchúisimh arna dtosú | 36 | 34 |
| Ráta comhlíonta | 29% | 25% |

### Acmhainní forfheidhmithe ar fáil

| ag deireadh na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Cigirí feithiclí | 18 | 18 |
| Oifigigh iompair | 17 | 19 |

### Rath an ÚSB sa chúirt

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Cásanna ar éirigh lena n-ionchúiseamh sa chúirt | 111 | 108 |

# An Fhoireann Bainistíochta



**Sam Waide**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin



**Denise Barry**
Stiúrthóir Straitéise Corparáidí, Beartais agus Teicneolaíochta



**Pearse White**
Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála



**Michael Rowland**
Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



**Declan Naughton**
Stiúrthóir Tástála agus Ceadúnaithe Tiománaithe



**Liam Duggan**
Stiúrthóir Caighdeán Feithiclí agus a bhForfheidhmiú

Cuimsítear ar na baill eile den fhoireann ceannaireachta:

**Gerry McGuire**
Ceann TFC

**Alison Coleman**
Ceann Acmhainní Daonna

**Caroline Greene / Maria Holmes**
Príomh-Innealtóir/Príomh-Innealtóir Gníomhach

# An Fhoireann Bainistíochta
ar lean

## Struchtúr eagrúcháin an ÚSB

Táimid eagraithe i dtrí stiúrthóireacht túslíne mar a leanas:

- Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe
- Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
- Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú

Faigheann na stiúrthóireachtaí túslíne tacaíocht ó Acmhainní Daonna, ón Stiúrthóireacht Airgeadais agus Seirbhísí Tráchtála agus ón Stiúrthóireacht um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht.

| | |
|---|---|
| **Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe** | Is é ról na Stiúrthóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas do Thiománaithe é feasacht a mhúscailt faoi shábháilteacht ar bhóithre, oideachas a chur ar úsáideoirí bóithre agus taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna um shábháilteachta ar na bóithre. Tá an stiúrthóireacht freagrach freisin as rialáil an tionscail teagascóirí tiománaithe agus an Teastais Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe, agus le déanaí chomhordaigh sí an mheastóireacht ar thorthaí rialtais 2013 go 2020 maidir le sábháilteacht ar bhóithre, in éineacht le Straitéis nua Sábháilteachta ar Bhóithre an rialtais a fhorbairt. |
| **Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe** | Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Cheadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as ceadúnú tiománaithe. Is í obair na stiúrthóireachta a chinntiú go gceadaímid tiománaithe sábháilte ionas go mbeidh ár mbóithre sábháilte do gach úsáideoir. |
| **Caighdeáin Fheithicle agus a bhForfheidhmiú** | Tá punann leathan ag an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí. Tugann ár bhfoireann caighdeáin fheithicle aire d'fhorbairt riachtanas agus pholasaithe náisiúnta maidir le caighdeáin fheithicle agus tástáil theicniúil ar ródacmhainneacht. Soláthraímid saineolas teicniúil don tionscal agus don phobal. Leanaimid orainn ag lorg bealaí chun caighdeán feithiclí ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú trí chaighdeáin shábháilteachta nua a thabhairt isteach agus an tábhacht a bhaineann le feithicil a chothabháil i gceart. Déanaimid dlúthfhaireachán ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta agus ar fhorbairtí domhanda i dteicneolaíochtaí feithiclí a fheabhsaíonn sábháilteacht ar bhóithre.<br><br>Tá ár bhfoirne tástála agus forfheidhmithe feithiclí freagrach as roinnt feidhmeanna a bhaineann le sábháilteacht agus tástáil feithiclí, chomh maith le comhlíonadh a fheabhsú d'fhonn bainistíocht éifeachtach agus shábháilte feithiclí ar ár mbóithre a chinntiú. Tá an stiúrthóireacht freagrach freisin as reachtaíocht sábháilteachta ar bhóithre a fhorfheidhmiú i leith feithiclí tráchtála agus a dtiománaithe. |
| **Seirbhísí Airgeadais agus Tráchtála** | I measc na bhfeidhmeanna tacaíochta a chuirtear ar fáil don eagraíocht tá airgeadas agus rialachas corparáideach, soláthar, sláinte agus sábháilteacht, saoirse faisnéise, cosaint sonraí, agus bainistíocht eastáit, saoráidí agus fhlít. |
| **Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht** | Is é an ról atá againn maoirseacht a dhéanamh air agus tacú le *Plean Corparáideach 2016–2020* a sheachadadh agus tacú leis an ngnó trí raon feidhmeanna lena n-áirítear athrú rathúil agus bainistíocht tionscadail, dearadh gnó, TFC, tionscnaimh barr feabhais oibríochta, cúram custaiméirí agus seirbhísí dlí. |
| **Acmhainní Daonna.** | Faigheann gach stiúrthóireacht, seirbhís agus tionscadal tacaíocht ón bhfoireann acmhainní daonna laistigh den ÚSB. Cuimsítear ar an tacaíocht sin tacaíocht oibríochtúil AD, earcú foirne agus forbairt eagraíochta, rannpháirtíocht taobh foirne, comhairle straitéiseach AD agus tacaíocht acmhainní do thionscadail athraithe. Cuireadh tionscnaimh bhreise ar fáil mar fhreagairt ar shuirbhéanna foirne agus ar riachtanais fholláine le linn Covid-19. |

# Plean Corparáideach 2016–2020

## Is í an fhís atá luaite inár *bPlean Corparáideach 2016–2020* go n-aithnítear muid mar an príomhghuth do shábháilteacht ar bhóithre go náisiúnta agus mar ghlór ceannródaíoch go hidirnáisiúnta, ag spreagadh athrú ar dhearcthaí agus iompraíochtaí úsáideoirí bóithre, ag comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun beatha daoine a shábháil.

Tá an Stiúrthóireacht um Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht freagrach as comhordú agus cuidiú le seachadadh ár bPlean Corparáideach trí ailíniú straitéiseach ar fud an ÚSB trína chinntiú go bhfuil gach duine ag obair de réir na gcuspóirí céanna agus go bhfuil ár bpleananna agus bearta gnó ailínithe. Is é ról na stiúrthóireachta tacú leis an ngnó ar fud ár raon feidhmeanna, lena n-áirítear aistriú rathúil agus bainistíocht tionscadail, dearadh gnó, cumasú TFC, faisnéis ghnó agus tionscnaimh barr feabhais oibríochta.



# Plean Corparáideach 2016-2020
ar lean

## Tá an Plean Corparáideach tiomanta do chúig thogra straitéiseacha a sheachadadh:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | **Turas comhtháite do chustaiméirí** | Faoi 2020, gheobhaidh gach custaiméir seirbhís ar chaighdeán níos airde, costéifeachtach agus tráthúil ón ÚSB. |
| 2 | **Tá ár bpobal i gcroílár gach a ndéanaimid** | Faoi 2020, beidh timpeallacht réamhghníomhach rannpháirtíochta fostaithe againn, le fócas ar leith ar chultúr, ar fheidhmíocht, ar chumarsáid inmheánach, ar phleanáil chomharbais, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt as a dtiocfaidh caidrimh éifeachtacha idir custaiméirí agus comhpháirtithe agus fostaithe ag cur an ÚSB chun cinn go seachtrach. |
| 3 | **Acmhainneacht agus cumas feidhmíocht a sheachadadh agus a fheabhsú** | Faoi 2020, soláthróidh ár bpróisis, ár gcórais agus ár dteicneolaíochtaí seirbhísí éifeachtacha gan uaim do chustaiméirí, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) a fhoilsiú.. |
| 4 | **Ardán éifeachtach do thodhchaí an ÚSB** | Faoi 2020, beidh straitéis rannpháirtíochta curtha chun feidhme againn agus leanfaimid orainn ag cur lenár gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara sin a mbeidh an tionchar is mó acu ar shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóthair. Déanfaimid sonraí a bhailiú, a chomhordú agus a úsáid chun cúiseanna a nascadh go díreach le gníomhartha ceartaitheacha ar leith chun sábháilteacht a sholáthar do gach úsáideoir bóthair. |
| 5 | **Gníomh spriocdhírithe agus comhoibriú chun athrú a chur chun cinn** | Faoi 2020, beidh ardán fáis cruthaithe againn lena bhféachtar chuige go seasfaidh sé an aimsir, lenar cruthaíodh samhail airgeadais inbhuanaithe don ÚSB, agus ina leabaítear TFC nua-aimseartha, ag cur ar chumas na heagraíochta a bheith oibríochtúil agus feidhmiú ó cheann go ceann. Beidh an leagan digiteach mar ghnáthnós agus beidh cosaint agus slándáil sonraí thar a bheith tábhachtach. |

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht
ar lean

## Ionad Glaonna do Chustaiméirí

In 2020, bhí dúshláin mhóra roimh ár nIonad Glaonna Custaiméirí mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda agus a thionchar ar sheachadadh ár seirbhísí. Mar thoradh air sin i mí an Mhárta 2020, d'athraigh an t-ionad glaonna go samhail chianoibre. Chinntigh an t-aistriú gan uaim chuig cianobair go raibh aon chur isteach ar ár seirbhísí láimhseála fiosrúcháin agus go raibh tacaíocht leanúnach ar fáil do chustaiméirí le linn na fionraí tosaigh agus atosú níos déanaí ar sheirbhísí túslíne.



**389,917**



glaonna a fuarthas in 2020

**2019: 384,792**
**▲ 1%**

Mar thoradh ar an bpaindéim, bhí líon na bhfiosruithe éagsúil i rith na bliana, agus bhí buaicéileamh ann i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair. Mar ullmhúchán don líon fiosrúcháin méadaithe, thugamar oiliúint bhreise agus uasoiliúint ar ár ngníomhairí chun críche d'fhonn láimhseáil éifeachtach fiosrúchán agus eispéireas feabhsaithe do chustaiméirí a chinntiú.

Mar thoradh ar thionchar srianta Covid-19 ar sheirbhísí tástála tiománaithe, d'fhan leibhéil na bhfiosrúchán ard i rith an dara leath de 2020.

Tá an méadú sin ar éileamh á bhainistiú go réamhghníomhach le fócas ar bhealaí a shainaithint chun roghanna féinseirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú agus méideanna fiosrúchán foriomlán san eagraíocht a laghdú. Cabhróidh an cur chuige sin in éineacht lenár gclár feabhsúchán leanúnach linn ár gcuspóir lárionad barr feabhais seirbhíse do chustaiméirí a chruthú ina bhfaighidh gach custaiméir seirbhís ardchaighdeáin, costéifeachtach agus tráthúil.

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht
**ar lean**

## Forléargas ar an Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) 2020

In 2020 sheolamar roinnt tionscadal suntasach.

- I mí na Samhna 2020, chuaigh an chéim dheiridh de chóras ar líne na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána (SNCT) beo. Ciallaíonn sé sin gur féidir le custaiméirí iarratas a dhéanamh ar líne anois ar gach cineál cead foghlaimeora agus gach cineál ceadúnais.
- Tairgeadh conradh na n-ionad SNCT agus bronnadh conradh nua. Tiocfaidh sé sin i bhfeidhm in 2021.
- Chuaigh an tionscadal Ardán Réiteach Gnó (ARG) beo i mí na Nollag. Seoladh leis sin tairseach do chustaiméirí MoShábháilteachtarnaBóithre (RoadSafety.ie) agus soláthraítear leis córas ar líne do chustaiméirí chun áirithintí agus sceidealú tástálacha tiomána.
- Rinneadh dul chun cinn maith maidir le Córas Bainistíochta Ábhar (CBÁ) nua a fhorbairt do shuíomh Gréasáin nua an ÚSB.

Rinneadh seirbhís tástála teoirice tiománaithe ar líne darb ainm Pro Proctor a thriail i mí na Nollag ar bhonn píolótach dóibh siúd a rinne tástáil teoirice le haghaidh trucailí agus busanna. Tá an leagan píolótach á mheas anois agus tá an ÚSB tiomanta an tseirbhís a leathnú do gach cineál tástála teoirice le linn 2021.



# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht
ar lean

## Clár Feabhais Oibriúcháin

In 2020, mar thoradh ar an gclár Sármhaitheasa Oibríochtúla seachadadh 93 thionscnamh nua ar fud na heagraíochta. Mar gheall ar Covid-19 agus a thionchar ar an ÚSB , dhíríomar ar thacú le seachadadh seirbhísí. Thugamar bearta isteach chun seirbhís do chustaiméirí agus eispéireas foirne a fheabhsú agus chun costais oibriúcháin a laghdú trí phróisis a shruthlíniú agus cleachtais neamhéifeachtacha a bhaint.

Mar shampla:

- Leathnaíomar úsáid uirlisí uathoibrithe agus chuireamar oiliúint agus tacaíocht ar fáil don fhoireann maidir le conas na huirlisí nua sin a úsáid. Thug sé sin deis dúinn tógáil ar ár gcumas nuálaíocht agus feabhsú.

Leanamar ag obair i gcomhar le comhghleacaithe chun úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a spreagadh chun costais a laghdú, éifeachtúlachtaí a chruthú agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraímid don phobal a fheabhsú.

- Rinneamar 15 phróiseas a uathoibriú a chabhraigh leis an bhfoireann a shaoradh chun díriú ar thosaíochtaí eagraíochtúla.
- D'úsáideamar uirlisí uathoibrithe leictreonacha chun cumarsáid a dhéanamh le níos mó ná 70,000 custaiméir chun comhairle a thabhairt dóibh maidir le síntí ar a gceadúnas tiomána mar thoradh ar Covid-19.
- Rinneamar uathoibriú ar phróiseáil níos mó ná 40,000 iarratas ó oibrithe riachtanacha le haghaidh tástálacha tiomána práinneacha, ag cinntiú gur déileáladh leis na hiarrataí sin ar bhealach éifeachtach agus tráthúil.

Leanamar ag cur leis na héachtaí thuas agus ag cothú cultúir na nuálaíochta agus feabhsúcháin leanúnacha. Rinneadh é sin trí na foirne gnó a chumhachtú agus na huirlisí agus na tacaíochtaí a theastaíonn uathu chun a gcuspóirí barr feabhais oibríochta a bhaint amach.

| Laethanta a sábháladh/a seachnaíodh | Tionscnaimh a cuireadh chun feidhme | Coigilteas iarbhír | Coigilteas leanúnach 2021 |
|---|---|---|---|
| **1,128+** lá | **93** tionscnaimh | **+120%** thar choigilteas réamh-mheasta | **471** laethanta (gan aon iarracht bhreise) |

### Cad a rinneamar

Úsáid uathoibrithe próiseas a mhéadú mar réiteach gnó trí infheistíocht a dhéanamh in uirlisí agus i mbogearraí nua

Tugadh tosaíocht do na gníomhaíochtaí uathoibrithe/digitithe a theastaíonn uainn chun tacú le gnó mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19

Méadú ar an leibhéal aistrithe eolais chun gníomhaíocht shármhaitheasa oibríochta a dhílárú

### Roinnt buaicphointí

**39,000+**
Iarrataí tástála práinneacha arna bpróiseáladh

Próiseáil uathoibrithe ar an síneadh de 450,000 deimhniú ar ródacmhainneacht

Cuireadh 13,600 coinne SNCT ar ceal d'iarrthóirí ar síneadh a gceadúnais – ag saoradh acmhainn ríthábhachtach in SNCT

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht

ar lean




## Dlí

Soláthraíonn an Lárionad Dlí comhairle agus treoir fhónta, phragmatach agus thráchtála dlí don ghnó mar thacaíocht do phlean corparáideach agus clár reachtach an ÚSB. Tacaímid le príomhthionscadail ar fud na heagraíochta agus buailimid go rialta leis an Roinn Iompair chun tosaíochtaí reachtacha an ÚSB a bhrú ar aghaidh, do reachtaíocht phríomha agus thánaisteach.

## Anailísíocht sonraí

Chuir an fhoireann anailísíochta sonraí tacaíocht ar fáil do sheirbhísí ÚSB a raibh tionchar ag Covid-19 orthu

Rinneamar na míreanna sonracha a leanas a sheachadadh agus thugamar cúnamh ina leith:

- tuarascálacha a chur ar fáil chun tacú le riachtanais phrótacal rianaithe teagmhála éifeachtach agus éifeachtúla
- d'éascaigh sé seoltaí spriocdhírithe fógraí do chustaiméirí chun athruithe ar an gcaoi a gcuirfí seirbhísí ar fáil nuair a atosaíodh iad a mhíniú
- thacaigh sé le cumarsáid spriocdhírithe agus éifeachtach a bhaineann le stádas ár seirbhísí tar éis fhógraí an rialtais

Réimse ar leith inar thacaíomar leis an ngnó in 2020 ab ea an tacaíocht i bpleanáil éilimh agus acmhainne. Bhí cúnamh sonraí i gceist leis an tacaíocht sin i mbainistíocht pleanála riaráiste agus i samhaltú agus tuairisciú réamhaisnéise.

Chabhraíomar freisin san aistriú gnó chuig ardán na tairsí do chustaiméirí nua MoShábháilteachtarnaBóithre.ie. Is éard a bhí i gceist leis sin cuidiú le hascnamh sonraí agus tuairisciú oibríochtúil gnó.

In 2020 rinneamar dul chun cinn suntasach inár gcuid oibre ar dhearadh agus ar fhorbairt Straitéise Sonraí ÚSB chun tacú go díreach le Straitéis Sonraí na hEarnála Poiblí agus le Straitéis nua um Shábháilteacht ar Bhóithre an rialtais.

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht
ar lean

## TFC

In 2020, lean ár bhfoireann TFC de ról lárnach a bheith aici i seachadadh tionscadal teicneolaíochta ar threochlár na hOifige Bainistíochta Tionscadal TFC. Áiríodh leis sin dhá eisiúint mhóra in 2020: Céim a dó SNCT Ar Líne agus an tArdán Réiteach Gnó (ATG).

### Bonneagar agus slándáil TFC

- Bhunaíomar réiteach faireacháin nua (Iarsma Nua) do gach mórchóras agus bonneagar. Tugann sé sin léargas i bhfad níos fearr don eagraíocht ar bhunchúiseanna saincheisteanna.
- Bhunaíomar Cloudflare a mhéadaigh slándáil agus feidhmíocht shuíomh gréasáin agus chórais chustaiméirí an ÚSB.
- Bhunaíomar réiteach de líonra príobháideach fíorúil (LPF) nua agus feabhsaithe go tapa chun ligean d'fhoireann an ÚSB oibriú ón mbaile mar gheall ar Covid-19.

### Forbairt bogearraí TFC agus dearbhú cáilíochta

- Stórálann an cárta TachoNet na sonraí tiománaithe atá riachtanach do rialacháin uaireanta tiománaithe AE lena n-áirítear am sosa agus scíste. In 2020 tháinig níos mó ná 1.4 milliún iarratas digiteach isteach sa chóras ÚSB ó Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh ar na sonraí sin.
- Tá na bogearraí a úsáidtear chun torthaí iarrthóirí tástála tiomána a thaifeadadh comhtháite anois leis an gcóras nua tástála tiomána, lena n-áirítear tairseach custaiméirí MoShábháilteachtarnaBóithre. In 2020, rinneadh 100,000 tástáil phraiticiúla ar an bhfeidhmchlár bogearraí torthaí tástála tiomána nuashonraithe.

### Trádstóras sonraí TFC

- Stórálann sé sin sonraí ó 16 fhoinse éagsúla, le comhiomlán de níos mó ná 780 milliún taifead sonraí.

### Bainistíocht seirbhíse TFC

- Chuir an príomhthionscadal deisce seirbhíse in 2020 ar chumas níos mó ná 400 ball foirne ÚSB oibriú go cianda ón mbaile mar gheall ar Covid-19. Rinneadh níos mó ná 200 gléas soghluaiste bhreise a chéimniú amach don fhoireann chun tacú leis sin.
- Phróiseáil foireann na deisce seirbhíse os cionn 11,000 ticéad tacaíochta in 2020.

### Bainistíocht conartha TFC

- Rinneamar athnuachan ar roinnt conarthaí sa phunann de níos mó ná 40 soláthróir seirbhíse tríú páirtí a bhainistímid.
- Bhunaíomar creatlach d'acmhainní teicniúla in 2020 freisin chun tacú le tionscadail theicniúla cheadaithe ar threochlár na hOifige Bainistíochta Tionscadal TFC.

**366**

déantar freastalaithe a óstáil in Ionad Sonraí an ÚSB , suas ó 263 in 2019

**58.5 Teiribhearta**

Tá méadú 16.5 TB tagtha ar mhéid iomlán na sonraí atá stóráilte in ionad sonraí an ÚSB

Coibhéis de **10 milliún** **grianghraf digiteach**

**150,000**

Rinne an tSeirbhís um Shonraí Comhdhlúite (SSC) 150,000 iarratas a phróiseáil in aghaidh an lae in 2020

# Straitéis Chorparáideach, Beartas agus Teicneolaíocht
ar lean

## An tÚdarás Dearaidh

I gcuid an Údaráis Dearaidh glacaimid léargas foriomlán ar an ÚSB agus a chuspóirí fadtéarmacha. Breathnaímid ar na huirlisí scileanna gnó, teicneolaíochta, faisnéise agus dearaidh a theastaíonn ónár n-eagraíocht chun freastal ar ár gcustaiméirí chomh maith agus is féidir. Déanaimid iarracht fadhbanna a laghdú trí réitigh ghnó oiriúnacha a fháil ar féidir linn a úsáid ar fud an ÚSB chun ár gcuspóir AonÚSB a bhaint amach.

In 2020 chonaiceamar dul chun cinn suntasach i dtionscadail a sholáthraíonn ár gclár um Aistear Comhtháite Custaiméirí (ACC). Cuirtear an clár sin i gcrích i gcéimeanna agus laghdóidh sé líon na suíomhanna gréasáin agus na n-ionad seirbhíse a gcaithfidh custaiméirí idirghníomhú leo. Sa chéad chéim, sheolamar tairseach nua do chustaiméirí, MoShábháilteachtarnaBóithre, chun rochtain a thabhairt ar fhormhór ár seirbhísí in aon áit amháin. Ba í tástáil tiománaithe an chéad tseirbhís a seoladh ar an tairseach i mí na Samhna 2020.

Cuid amháin de sheachadadh na tairsí i mbliana ba ea an tairseach a chomhtháthú le córas nua bainistíochta faisnéise. Tá 450 alt faisnéise sa chóras sin déanta a nuashonrú againn agus táimid ag úsáid na n-alt sin le haghaidh tairseach na gcustaiméirí, láithreáin ghréasáin chorparáideacha agus ár gcóras bainistíochta nua maidir le fiosrúcháin. Cuideoidh sé seo linn a chinntiú go bhfuil bealach comhsheasmhach againn chun faisnéis a sholáthar dár gcustaiméirí, is cuma cén chaoi agus cá háit a n-idirghníomhaíonn siad linn.

Chun tacú lenár gcuid oibre, déanaimid anailís chúramach ar conas agus cá háit a n-idirghníomhaíonn ár gcustaiméirí lenár seirbhísí. Breathnaímid air seo ó thaobh ár gcustaiméirí éagsúla go léir.

Ansin déanaimid 'léarscáileanna turais' a fhorbairt dóibh agus muid ag obair ar chéimeanna éagsúla den tionscadal tairsigh.

Tá Treoirlínte um Dhearadh Digiteach ÚSB forbartha againn freisin chun tacú leis an tseirbhís AonÚSB. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go mbeidh eispéireas comhsheasmhach ar líne ag ár gcustaiméirí ar fud ár dtairseacha digiteacha go léir. Táimid ag úsáid na dtreoirlínte dearaidh sin ar ár dtairseach agus le haghaidh gach forbairt dhigiteach nua.

**20,000**
chláraigh custaiméirí in MoShábháilteachtarnaBóithre sa chéad mhí oibríochta

**10**
gnéithe dearaidh feabhsaithe do sheirbhís ar líne SNCT

Feabhsuithe dearaidh agus eispéireas feabhsaithe do chustaiméirí (CX) ar an treochlár do thairseach custaiméirí MoShábháilteachtarnaBóithre

**5** comhtháthuithe seirbhíse nua atá saindeartha le haghaidh MoShábháilteachtarnaBóithre

**12**
forbraíodh físghabhálacha scáileáin chun tacú le hoiliúint chórais

**15+**
gnéithe dearaidh a cruthaíodh do shuíomh gréasáin an ÚSB (atá á fhorbairt faoi láthair)

# Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha ÚSB

Tá struchtúr tacaíochta agus seachadta seirbhíse seanbhunaithe san ÚSB. Clúdaítear ar na réimsí sin tacaíocht an bhoird, rialachas corparáideach, airgeadas, soláthar, bainistíocht conartha, soláthar saoráidí, soláthar flít, rialachas sonraí, riaradh saoráil faisnéise (SF), agus sláinte agus sábháilteacht.

In ainneoin go raibh Covid-19 ann don chuid is mó den bhliain 2020 agus leis an bhfoireann tacaíochta go léir ag obair ón mbaile, ba iad a leanas na buaicphointí lárnacha do 2021:

- **Bord** – leanamar ag tabhairt tacaíochta rialachais don Bhord i seachadadh a fheidhmeanna rialachais, maoirseachta agus treorach nuair a tionóladh formhór na gcruinnithe boird agus coiste go cianda.
- **Rialachas corparáideach** – ceanglais chomhlíonta a sheachadadh faoi *Chód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit*.
- **Airgeadas** – Bliain dhúshlánach airgeadais ab ea 2020 don ÚSB le laghdú 40% ar ár n-ioncam. Ina ainneoin sin, thug ár bhfoireann airgeadais tacaíocht láidir airgeadais agus oibríochtúil don eagraíocht.
- **Soláthar** – seachadadh roinnt príomhphróisis soláthair ildisciplíneacha móra.
- **Áiseanna** - chuireamar ár bplean um Leanúnachas Gnó agus Teagmhasach i ngníomh mar fhreagairt ar Covid-19 ag cur ar chumas gach ball foirne ÚSB oibriú ón mbaile agus tacaíocht a fháil i ngach réimse seirbhíse.
- **Rialachas sonraí** – comhdhlúthú ár gCreat Rialachais Sonraí in 2020.
- **SF** – bainistíocht thráthúil agus iomchuí ar iarratais um Shaoráil Faisnéise agus Rochtana ar Ábhair Sonraí in 2020.
- **Sláinte agus sábháilteacht** – mar fhreagairt ar Covid-19, rinneadh cuid mhór measúnaithe riosca, cigireachtaí sábháilteachta agus bhí gach ball foirne teicniúil agus allamuigh rannpháirteach ann. Áiríodh leis sin TCP agus táirgí sláintíochta a sholáthar agus bearta um scaradh sóisialta a thabhairt isteach chun ligean dár seirbhísí poiblí athoscailt agus leanúint ar aghaidh le linn na dianghlasála in 2020. Chiallaigh sé sin go raibh muid in ann seirbhísí poiblí a sholáthar d'oibrithe riachtanacha agus don phobal.



# Ár luachanna

Tá sábháilteacht an phobail ar ár mbóithre i gcroílár gach a ndéanaimid agus tá ár luachanna mar bhonn agus taca leis an gcaoi a n-oibrímid lena chéile agus le daoine eile agus muid ag saothrú ár dtiomantais chun bóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir bóthair.

## Ionracas

*Bímid ag iompar go heiticiúil, go macánta agus go trédhearcach*

## Cuntasacht

*Is mór againn rannchuidiú a chéile chun ár gcuspóirí a bhaint amach*

## Difríocht a Dhéanamh

**Baineann gach a ndéanaimid le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú**

## Comhoibriú agus Comhpháirtíocht

*Cothaímid obair chuimsitheach thacúil leis an bhfoireann agus leis na comhpháirtithe*

## Sármhaitheas Seirbhíse

*Soláthraímid seirbhísí poiblí nuálacha, freagracha agus inrochtana*

Tá na luachanna sin forbartha againn chun an chaoi a ndéanaimid ár gcuspóirí agus ár misean a chomhlíonadh agus leanfaimid orainn ag seachadadh ár gcuspóirí agus ár misean chun laghdú 50% a bhaint amach i líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre ar bhóithre na hÉireann faoin mbliain 2030. Tá tús curtha lenár dturas agus cuirfidh na luachanna sin ar ár gcumas ár dtiomantas chun an aidhm sin a bhaint amach.

# Ár bPobal

Is fostóir comhdheiseanna é an ÚSB agus leanaimid orainn ag cur éagsúlacht agus uilechuimsitheacht chun cinn inár mbeartais, nósanna imeachta agus cleachtais.

## Cothromaíocht Inscne




## Meánchothromaíocht phá idir fir agus mná




## Nochtadh faoi Chosaint

Cuireann an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar chumas oibrithe faisnéis a bhaineann le héagóir a tháinig chun a n-aird san ionad oibre a nochtadh agus cinntítear go bhfuil cosaintí ann, dá ndéanfaí díoltais ina gcoinne. Bítear ag súil go ndéanfaidh fostóirí níos mó ama agus acmhainní a infheistiú ná riamh chun aghaidh a thabhairt ar chalaois agus éilliú chomh maith le rioscaí don chomhshaol agus do shláinte agus sábháilteacht an phobail. In 2020, fuair ÚSB nochtadh cosanta amháin a ndearnadh measúnú air agus a imscrúdaíodh ina dhiaidh sin faoinár mBeartas um Nochtadh Cosanta.



# Ár bPobal
ar lean

## Cianobair le linn na paindéime Covid-19

Ghníomhaíomar go tapa inár bhfreagra ar an bpaindéim Covid-19 i mí an Mhárta 2020 chun a chinntiú go bhféadfadh ár mbaill foirne a bhí in ann obair ón mbaile déanamh amhlaidh.

D'oibrigh na stiúrthóireachtaí go léir le chéile chun go dtarlódh sé sin agus bhí ról lárnach ag ár roinn TF lena chinntiú go raibh an trealamh a bhí ag teastáil ón bhfoireann acu chun ligean don obair ón mbaile tarlú.

Ní raibh ár bhfoireann go léir in ann obair ón mbaile i bhfianaise an chineáil oibre a dhéanann siad ach rinneadh cuid de na comhghleacaithe sin a ath-imlonnú chuig FSS chun cabhrú leis an iarracht rianaithe teagmhála ag an am sin.

D'oibrigh ár mbaill foirne saoráidí agus sláinte agus sábháilteachta araon lena chinntiú go raibh gach ball foirne a bhí ag obair ón mbaile in ann é sin a dhéanamh go sábháilte agus go compordach. Chomh maith leis sin, b'éigean measúnú iomlán a dhéanamh ar ár n-eastát agus na bearta a bhí riachtanach chun a chinntiú go ndéanfaí seirbhísí a atosú go sábháilte chomh maith le haon riosca aitheanta a mheas agus a mhaolú. Nuair a thug an rialtas cead dár seirbhísí atosú i dtreo dheireadh 2020, rinneadh iarracht mhór ar fud na heagraíochta é sin a chur i gcrích. Is mór an chreidiúint dár bhfoireann gur lean siad ag soláthar seirbhíse don phobal feadh na paindéime.

Le 46% den fhoireann ag obair go cianda b'éigean dúinn a chinntiú go bhfanfadh cumarsáid, rannpháirtíocht agus táirgiúlacht ard go maith. D'oibrigh bainisteoirí líne go crua lena chinntiú go raibh siad in ann nasc a dhéanamh lena mbaill foirne agus iad a bhainistiú go héifeachtach, cé go raibh sin á dhéanamh go fíorúil. D'oibrigh ár bpríomhionadaithe oibrithe go crua dá gcomhghleacaithe. Rinne bainisteoirí a ndícheall a bheith ar fáil dá mbaill foirne le linn na tréimhse deacra sin. Móriarracht foirne a bhí ann chomh maith agus rinne gach duine obair iontach.

Bhain tábhacht shuntasach le tacú le folláine ár bhfostaithe go léir, iad siúd a bhí ag obair go cianda chomh maith lenár bhfoireann túslíne. Sheolamar sraith sláinte agus folláine darb ainm Mo Fholláine ina bhfuil ríomhphoist mhíosúla le leideanna, acmhainní agus naisc shaineolacha chun cabhrú le baill foirne aire a thabhairt dá sláinte meabhrach agus folláine agus sláinte a dteaghlach.

In 2020 bhí an deis againn ár gCóras Bainistíochta Foghlama a fhorbairt tuilleadh agus leanaimid orainn ag soláthar oiliúint fhónta agus ábhartha ar líne don fhoireann uile. Bhíomar in ann a chinntiú go leanfaí le forbairt ghairmiúil ár bhfoirne agus d'úsáideamar na tairseacha uile a bhí ar fáil dúinn chun deiseanna foghlama agus forbartha fíorúla a dhéanamh.

### Obair chumaisc




### Comhlíonadh maidir leis an gCóras Forbartha Bainistíocht Feidhmíochta (PMDS)



# **Ráitis Airgeadais** don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020


61 — Eolas Ginearálta

62 — Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

64 — Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

71 — Ráiteas ar Rialú Inmheánach

74 — Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

75 — Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

76 — Ráiteas ar an Staid Airgeadais

77 — Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim agus Anailís ar athruithe ar Ghlanfhiach

78 — Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

# Faisnéis Ghinearálta
ar lean

| | |
|---|---|
| **Seoladh** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Cnoc an tSabhaircín<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Moyagh Murdock - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (d'éirigh sí as ar an 31 Márta 2020) |
| | John Caulfield - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach (ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 13 Meán Fómhair) |
| | Sam Waide - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (ceaptha ar an 14 Meán Fómhair 2020) |
| | An tUasal Pearse White - Stiúrthóir Airgeadais & Seirbhísí Tráchtála |
| | An tUasal Denise Barry - Stiúrthóir Straitéise, Beartais & Teicneolaíochta |
| | An tUasal Liam Duggan - Stiúrthóir Tástála Feithiclí agus Forfheidhmithe |
| | An tUasal Declan Naughton - Stiúrthóir Tástála & Ceadúnú Tiománaithe |
| | An tUasal Michael Rowland - Stiúrthóir um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde & Oideachas Tiománaithe |
| | An tUasal Caroline Greene - Príomh-Innealtóir um Chaighdeáin Feithiclí |
| **Comhaltaí an Bhoird** | An tUasal Liz O'Donnell (cathaoirleach) |
| | An tUasal Kevin Goulding |
| | An tUasal Dimitris Karagiorgis |
| | An tUasal Gillian Treacy |
| | An tUasal Donna Price |
| | An Dr Derek Cawley (ceaptha ar an 4 Samhain) |
| | An Dr John Cronin (ceaptha ar an 4 Samhain) |
| | An tUasal Ashling Cunningham (ceaptha ar an 4 Samhain) |
| | An tUasal Sarah Johnson (ceaptha ar an 4 Samhain) |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Pearse Street<br>Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

# Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

### Road Safety Authority

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Road Safety Authority for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of section 29 of the Road Safety Authority Act 2006. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Road Safety Authority at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### *Basis of opinion*

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Road Safety Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Road Safety Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Seamus McCarthy**
**Comptroller and Auditor General**

**28 June 2021**

## Appendix to the report

### Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 29 of the Road Safety Authority Act 2006
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 29 of the Road Safety Authority Act 2006 to audit the financial statements of the Road Safety Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Road Safety Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Road Safety Authority to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

#### *Information other than the financial statements*

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### *Reporting on other matters*

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Tá oibríochtaí an Bhoird leagtha amach in Alt 14, Alt 15 agus Alt 16 an Achta sin. Caithfidh an Bord cuntas a thabhairt don Aire Iompair agus tá siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Déanann siad an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus feidhmeannas an an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) atá freagrach as bainistiú, rialú agus treo an RSA. Caithfidh an POF agus an fheidhmeannas an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn. Feidhmíonn an POF mar nasc idirchaidrimh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an RSA.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha agus i gClár Oibre Bliantúil an Bhoird ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe go sonrach le haghaidh cinneadh an Bhoird. I measc na mbuan-mhíreanna a mheasann an Bord tá:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí, lena n-áirítear an an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC)
- tuarascálacha feidhmíochta

Ceanglaítear le halt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ar Bhord an RSA gach cuntas ceart agus is gnách ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé a choinneáil, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord an RSA:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú
- a rá ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Rinne an ARC meastóireacht ar fheidhmíocht an RSA trí thagairt don phlean gnó bliantúil agus don bhuiséad i rith na bliana, agus thuairiscíodh é sin don Bhord ina dhiaidh sin.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus ar an ábhar sin ní mór dó bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an RSA léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an RSA ar an 31 Nollaig 2020.

### Struchtúr an Bhoird

Amhail 31 Nollaig 2020, bhí Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí ar an mBord, agus cheap an tAire Iompair gach duine acusan. Tháinig baill an Bhoird le chéile naoi n-uaire in 2020.

Ón 30 Deireadh Fómhair 2019, bhí ballraíocht an Bhoird faoi bhun a íosthairsí ballraíochta .i. Cathaoirleach agus seisear gnáthchomhalta mar atá leagtha síos in Alt 14 (3) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Lean an Bord ar aghaidh ag oibriú agus ag bualadh le chéile agus a ballraíocht reatha acu mar atá Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí a chomhlíonann a riachtanais ó thaobh córaim de chúigear (5) faoi mar a leagtar amach in Alt 16 (7) (a) den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, go dtí an 4 Samhain, 2020, nuair a ceapadh ceathrar gnáthchomhaltaí nua ar an mbord, sa chaoi go bhfuil Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí air anois.

Tá sonraí sa tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na mball reatha.

| Ball an Bhoird | Ról | Fad an Cheapacháin | Dáta ceaptha |
|---|---|---|---|
| An tUasal Liz O'Donnell | Cathaoirleach | 5 Bliana | 29 Deireadh Fómhair 2019 (athcheaptha) |
| An tUasal Kevin Goulding | Gnáthchomhalta | 3 Bliana | 14 Lúnasa 2020 (athcheaptha) |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis | Gnáthchomhalta | 3 Bliana | 21 Meán Fómhair 2020 (athcheaptha) |
| An tUasal Gillian Treacy | Gnáthchomhalta | 3 Bliana | 01 Eanáir 2021 (athcheaptha) |
| An tUasal Donna Price | Gnáthchomhalta | 3 Bliana | 01 Eanáir 2021 (athcheaptha) |
| An Dr Derek Cawley | Gnáthchomhalta | 5 Bliana | 04 Samhain 2020 |
| An Dr John Cronin | Gnáthchomhalta | 5 Bliana | 04 Samhain 2020 |
| An tUasal Ashling Cunningham | Gnáthchomhalta | 5 Bliana | 04 Samhain 2020 |
| An tUasal Sarah Johnson | Gnáthchomhalta | 5 Bliana | 04 Samhain 2020 |

Tá **An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC)** comhdhéanta de bheirt chomhalta Boird agus de bhall neamhspleách comhthofa amháin. Is é ról an ARC tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus maidir le dearbhú gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ó lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Seolann an ARC tuairisc don Bhord tar éis gach cruinniú.

Ba iad baill an ARC in 2020, an tUasal Kevin Goulding (cathaoirleach), an tUasal Dimitris Karagiorgis agus an tUasal Michael Flynn, a chomhthoghadh agus atá neamhspleách. Tionóladh cúig chruinniú den ARC in 2020. Ceapadh baill nua den Bhord, An tUasal Ashling Cunningham agus an Dr Derek Cawley, ar an ARC ag cruinniú boird mhí na Nollag agus d'fhreastail siad ar a gcéad chruinniú den ARC i mí Eanáir 2021.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

ar lean

### Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an bhoird agus na gcoistí do 2020 leagtha amach thíos mar aon leis na táillí agus na costais a fhaigheann gach ball:

| | An Bord | ARC | RC | Bord/ Táillí Coiste 2020 € | Dearbhaithe Speansais 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | **9** | **5** | **-** | | |
| **Baill reatha an Bhoird** | | | | | |
| An tUasal Liz O'Donnell (cathaoirleach) | 9 | | | 11,970 | 1,665 |
| An tUasal Kevin Goulding | 9 | 5 | | 7,695 | - |
| An tUasal Dimitris Karagiorgis | 9 | 4 | | 7,695 | - |
| An tUasal Gillian Treacy | 9 | | | 7,695 | 654 |
| An tUasal Donna Price | 9 | | | - | 625 |
| An Dr Derek Cawley (Ceann amháin féideartha) | 1 | | | 1,200 | - |
| An Dr John Cronin (Ceann amháin féideartha) | 1 | | | - | - |
| An tUasal Ashling Cunningham (Ceann amháin féideartha) | 1 | | | - | - |
| An tUasal Sarah Johnson (Ceann amháin féideartha) | 1 | | | 1,200 | - |
| An tUasal Michael Flynn (ball comhthofa ARC) | | 5 | | 2,500 | - |
| **Iomlán** | | | | **39,955** | **2,944** |

Ní bhfuair beirt chomhaltaí boird táillí boird in 2020, ceann acu i gcomhréir leis an bprionsabal ‘tuarastal amháin do dhuine amháin’ agus roghnaigh an duine eile an táille a tharscaoileadh.

Ar iarratas ó chomhalta boird eile, in ionad a dtáillí a íoc, íocadh iad mar shíntiús carthanachta.

Ba é 100% an meánfhreastal ar chruinnithe an bhoird in 2020.

## Príomhathruithe Pearsanra

### An Bord

De réir an Achta fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, ceapadh ceathrar ball den bhord ar an 4 Samhain 2020, an Dr Derek Cawley, an Dr John Cronin, an tUasal Ashling Cunningham agus an tUasal Sarah Johnson.

### An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Toisc gur ceapadh 4 chomhaltaí nua boird i mí na Samhna 2020, ceapadh an Dr Derek Cawley agus an tUasal Ashling Cunningham mar bhaill den ARC i mí na Nollag 2020 sa chaoi go bhfuil líon na mball ARC méadaithe ó thriúr go cúigear bhall.

## Nochtadh a Éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an RSA ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód'), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí é i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach ar mhiondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe i Nóta 4(b) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

## Costais Chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle seachtraí a thugtar don lucht bainistíochta ach ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a sheachfhoinsítear.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---:|---:|
| Comhairle Dlí | 1,119,523 | 912,765 |
| Feabhsúcháin ghnó | 1,148,127 | 1,954,290 |
| Eile | - | - |
| **Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta** | **2,267,650** | **2,867,055** |
| | | |
| Costais Shainchomhairleoireachta caipitlithe | 686,050 | 838,117 |
| Costais Shainchomhairleoireachta a ghearradh ar an gcuntas costas | 1,581,600 | 2,028,938 |
| **Iomlán** | **2,267,650** | **2,867,055** |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

ar lean

### Costais Chomhairliúcháin (ar lean)

**Comhairle dlí** - Léiríonn an caiteachas méadaithe ar chomhairle sheachtrach dlí in 2020 na ceanglais maidir le sainchomhairle dlí lena n-áirítear maidir le hábhair a d'eascair as Brexit, relet COVIS agus cosaint leanúnach an RSA ar imeachtaí maidir le feithiclí tráchtála, agus imeachtaí a bhaineann le riachtanais chónaithe i gcás iarratas ar cheadúnú tiománaithe.

**Feabhsúcháin Ghnó** - Na costais maidir le comhairle sheachtrach a bhaineann le bunú Threochlár TFC, Oifig Bainistíochta Tionscadal (PMO), Údarás Dearaidh, Anailísíocht Sonraí agus foireann Bainistíochta Athraithe, d'fhonn a Phlean Corparáideach a chur i bhfeidhm, chomh maith le costais a bhaineann le roinnt athbhreithnithe straitéiseacha a cuireadh i gcrích in 2020 agus atá rangaithe faoin teideal feabhsúcháin ghnó. Baineann an laghdú €0.8m bliain ar bhliain faoin aicmiú sin leis na tosca seo a leanas:

1. Costais chomhairliúchán caipitlithe arb ionann iad agus €0.68m. Tháinig laghdú €0.15m ar na costais sin bliain i ndiaidh bliana toisc gur mhéadaigh an RSA a shaineolas inmheánach agus nár ghá an oiread sin treorach a fháil ó na comhairleoirí seachtracha in 2020 d'fhonn leanúint ar aghaidh ag soláthar roinnt claochluithe lárnacha TFC agus tionscadail um chlaochlú gnó atá ar siúl faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na gealltanais a thugamar inár bPlean Corparáideach.
2. Tháinigh laghdú €0.65m bliain i ndiaidh bliana ar ghné riaracháin na gcostas feabhsúcháin ghnó sa chaoi gur tabhaíodh €0.46m de bharr:
   - Ní raibh aon chostais sheachtracha ag an Oifig Bainistíochta Tionscadal Neamhchaipitil in 2020, agus b'ionann é sin agus laghdú €0.1m bliain i ndiaidh bliana go príomha mar gheall ar acmhainní inmheánacha a bheith faighte sa dara leath de 2019 agus nach bhfuil an chomhairleacht sheachtrach riachtanach sa réimse sin a thuilleadh.
   - Costais Athraithe Bainistíochta de €0.46m, ar laghdú €0.65m é bliain i ndiaidh bliana go príomha mar gheall ar aistriú eolais leanúnach agus clár scáthfhoghlama dár gcumas inmheánach féin sa chaoi gur laghdaíodh ár riachtanas maidir le comhairleoirí seachtracha a fhostú. Chuir na comhairleoirí Seachtracha acmhainní agus tacaíocht ar fáil do roinnt gníomhaíochtaí athraithe in 2020 i réimsí pleanála gnó, ailíniú straitéiseach, sármhaitheas oibríochta, anailísíocht sonraí agus maidir le turas comhtháite a dhearadh do chustaiméirí.

Mar a tugadh faoi deara sna blianta roimhe seo, tá sé beartaithe go leanfaidh plean an RSA ar aghaidh ag laghdú spleáchais de réir mar a dhéantar tionchar bliana iomláine na hearcaíochta inmheánaí agus an aistrithe eolais sin a bhaint amach. Mar gheall ar chineál na dtionscadal claochlaithe atá ar bun, áfach, measann an RSA go mbeidh riachtanas éigin ann maidir le chomhairleoirí seachtracha a fhostú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

### Costais agus Socruithe Dlí

Soláthraíonn an tábla thíos miondealú ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí ó thaobh ionadaíocht chúirte i gcásanna forfheidhmithe. Ní chuimsíonn sé sin caiteachas a thabhaítear i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fhaigheann an RSA, a nochtar sna 'costais chomhairleachta' thuas.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---:|---:|
| Costais imeachtaí dlí | 207,180 | 238,990 |
| **Iomlán** | **207,180** | **238,990** |

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---:|---:|
| **Cúrsaí Baile** | | |
| An Bord | 1,562 | 5,497 |
| Fostaithe | 1,534,404 | 3,272,907 |
| **Cúrsaí Idirnáisiúnta** | | |
| An Bord | 1,382 | - |
| Fostaithe | 11,595 | 73,886 |
| **Iomlán** | **1,548,943** | **3,352,290** |

Léiríonn an lag hdú ar chostais taistil agus cothaithean tionchar a bhí ag COVID 19 ar sheirbhísí a cuireadh ar fionraí agus ar thaisteal srianta in 2020.

### Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020 an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas. Léiríonn sé sin na méideanna a íocann an RSA le Club Spóirt agus Sóisialta na mBall Foirne.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---:|---:|
| Fáilteachas foirne | 5,217 | 5,396 |
| Fáilteachas cliant | - | - |
| **Iomlán** | **5,217** | **5,396** |

### Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an chóid a chinntiú. Chomhlíon an RSA go hiomlán an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2020.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

ar lean

### Dálaí, Cúinsí agus Forbairtí a eascraíonn as COVID-19

Mar atá leagtha amach i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, bhí tionchar ag na bearta a chuir an Rialtas i bhfeidhm chun an víreas COVID-19 a shrianadh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar oibríochtaí an Údaráis in 2020. Ó Mhárta 2020, bhí ar an Údarás a sheirbhísí poiblí go léir a chur ar fionraí. Ina theannta sin, mar gheall ar fhorchur rialachán an Rialtais chun tréimhsí bailíochta gach ceadúnas agus deimhniú a bhaineann le seirbhísí poiblí an Údaráis a leathnú, ní raibh an tÚdarás in ann aon ioncam a aithint ón 28 Márta go dtí an 17 Bealtaine, go dtí gur thosaigh seirbhísí ar bonn céimnithe ón 18 Bealtaine 2020 i leith.

Toisc gur comhlacht poiblí féin-mhaoinithe é an tÚdarás den chuid is mó agus gan ach an íosmhéid maoinithe aige ón státchiste, bhí tionchar suntasach ag COVID-19 air. Nuair a tháinig COVID-19 ar dtús leanadh ar aghaidh mar a bhí beartaithe le hoibríochtaí an Údaráis le linn Ráithe 1 2020 agus bhí cúlchistí agus leachtacht shubstaintiúil ag an Údarás.

Tá na bearta seo a leanas glactha ag an Údarás chun déileáil le heipidéim COVID-19;

- Cuireadh tús le clár um laghdú costas a dhéanfaidh laghdú ábhartha ar chostais oibriúcháin an Údaráis in 2020 agus 2021
- Rinneadh a staid airgeadais agus leachtachta a bhainistiú go réamhghníomhach lena chinntiú go ndéanfaí íocaíochtaí agus go gcomhlíonfaí dliteanais de réir mar a bheadh siad dlite
- Rinneadh deimhin de go gcuirfí Bord an Údaráis agus an roinn a bhfuil sí freagrach di, an Roinn Iompair, ar an eolas faoin staid airgeadais
- Rinneadh Plean um Athshlánú Seirbhísí a bhainistiú chun leanúint ar aghaidh ag oscailt na seirbhísí poiblí de réir Treochlár an Rialtais chun an tsochaí agus gnólathais a athoscailt agus
- Fuarthas saoráid ó thaobh líne creidmheasa lena bhanc lena chinntiú go bhfuil leachtacht iomchuí aige chun oibriú i rith na paindéime COVID-19.
- D'fhonn tionchar airgeadais COVID 19 ar an RSA a mhaolú, tharscaoil an Roinn Iompair vóta 2020 ó thaobh €4.2m agus vóta 2021 ó thaobh €1m a bhí iníoctha ag an RSA.

Ag brath ar fhad na heipidéime COVID-19 agus an drochthionchar leanúnach atá aici ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh drochthioncar airgeadais breise ar an Údarás i 2021. Ní féidir a thuar go baileach cén tionchar díreach a bheidh ar ár n-oibríochtaí sa chuid eile de 2021 ná ina dhiaidh sin. Cé go bhfuil sé neamhchinnte, ní chreideann an tÚdarás go mbeidh tionchar ábhartha ag COVID-19 ar a chumas oibriú mar ghnóthas leantach.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Réim Freagrachta

Thar ceann an RSA, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Curtha san áireamh sa bhfreagracht sin tá riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leo ar fad. Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san RSA don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

### Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag an RSA ar a bhfuil beirt chomhalta Boird agus ball neamhspleách comhthofa amháin. Tháinig an ARC le chéile cúig huaire in 2020.

Bhunaigh an RSA feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a sheachfhoinsítear chuig gnólacht seachtrach agus a sheolann clár oibre a comhaontaíodh leis an ARC.

In 2020, mar fhreagra ar Athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh ar Bhainistíocht Riosca, tá an tÚdarás ag neartú a chreat um bainstiú riosca sa chaoi go mbeidh sé ina mhír bhuan ar an gclár oibre ag cruinnithe feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin, cruthaíodh Coiste Stiúrtha tiomnaithe i leith Riosca agus tá plean gníomhaíochta mionsonraithe atá le cur i bhfeidhm i 2021 chun bainistíocht riosca a leabú sa phróiseas bainistíochta san Údarás.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as oibriú rialuithe chuig baill foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann mar aon le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint
- Tá rialuithe láidre párolla i bhfeidhm

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

ar lean

### Monatóireacht Leanúnach agus Athbhreithniú

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta agus bliantúla ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i bhfianaise buiséad/réamhaisnéise

### Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an RSA chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú agus gur chomhlíon an RSA na nósanna imeachta sin i rith 2020, seachas trí chonradh (ceithre chonradh in 2019) ina raibh caiteachas €0.6m i gceist in 2020 (agus €1.2m in 2019). Nochtadh na trí chonradh in 2019, agus ceann amháin breise in 2019 a athsholáthraíodh go rathúil in 2019 agus mar sin ní áirítear é a thuilleadh san nochtadh seo.

- Maidir leis an gcéad chonradh a bhain le conradh um shonraí gutha íocadh €0.358m in 2020 (€0.27m in 2019). Mar a tugadh faoi deara in 2019, cuireadh tionscadal i gcrích a d'aistrigh an RSA go réiteach nua um prótacal idirlín guthaithe (VoIP) ar líonra an Rialtais. Faoi mar a mhol líonraí Rialtais, d'fhan an RSA leis an soláthraí reatha go dtí go raibh an tseirbhís nua tar éis aibiú agus a éirí láidir. Bhí sé beartaithe ag an RSA tairiscint dhíreach a iarradh sa 4ú Ráithe in 2020 ach níor chobhsaigh an tseirbhís sin go leibhéal ina mbeifí in ann dul ar an margadh le haghaidh córas athsholáthair. Tá anailís á déanamh ar an gcóras reatha chun an réiteach teileafónaíochta is fearr sa bhfadtéarma a thuiscint. Déanfar an anailís sin i mbliana agus is céim riachtanach í chun an soiléireacht riachtanach a sholáthar sula mbeidh an RSA in ann dul chuig an margadh. Is dócha go mbeidh céad ráithe na bliana 2022 ann sula n-iarrfar tairiscintí.
- Tá an dá chonradh eile á mbainistiú ag an RSA agus cuirfear deireadh leo de réir a chéile mar chuid d'fhorbairt Ardáin nua um Réitigh Ghnó (BSP).
    - Tá sé beartaithe go gcuirfear deireadh le ceann de na conarthaí seo, a raibh caiteachas €0.05m ag baint leis (€0.17m in 2019), nuair a scaoilfear an BSP, ar cuireadh moill bhreise air in 2020 mar gheall ar thionchar COVID 19 ach a cuireadh i bhfeidhm i mí na Nollag 2020. Nuair a dhéanfar Hypercare de chuid BSP a thabhairt chun críche i R1 2021, ní bheidh an RSA ag úsáid ach an soláthraí SMS nua a sholáthrófar faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP).
    - Bhí sé beartaithe go gcuirfí deireadh leis an gconradh eile nuair a bheadh a sheirbhísí aistrithe chuig an Ardán um Réitigh Ghnó (BSP) faoi Mhárta 2021, ach mar gheall ar mhoilleanna breise níor cuireadh céim BSP i bhfeidhm go dtí Nollaig 2020. Tá sé fós i Hypercare mar bhí dúshláin ag baint leis an réiteach. Caithfear athscrúdú agus anailís dian a dhéanamh i mbliana ar an straitéis atá faoi thacaíocht an chonraitheora sin a aistriú chuig an ardán réitigh sin sula bhfaomhfar treo teicneolaíochta. Chosain an conradh sin €0.2m (€0.33 in 2019)

Tá rún daingean ag an RSA an réimse neamhchomhlíonta sin a réiteach maidir le soláthar poiblí trí bhearta a chur i gcrích chun deireadh a chur lena spleáchas ar chonarthaí leagáide go háirithe i réimse TFC ach caithfear é sin a dhéanamh ar bhealach rialaithe agus céimnithe chun soláthar seirbhíse ríthábhachtaí a choinneáil.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an RSA chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an RSA ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an ARC a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den RSA atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach a fhorbairt agus a choinneáil.

Dearbhaím go ndearnadh monatóireacht ghéar ar thionchar Covid 19 ar an timpeallacht rialaithe in 2020 agus gur seoladh nuashonruithe go rialta chuir an ARC agus chuig an mBord. San áireamh leis sin bhí iniúchadh inmheánach ar Chóras Rialaithe TFC a rinneadh i Meán Fómhair 2020. Thug sé sin dearbhú nach raibh tionchar ar an timpeallacht rialaithe toisc go mb'éigean do bhaill foirne bheith ag obair go cianda mar gheall ar shrianta COVID 19.

Mar gheall ar an obair fhairsing a rinne an lucht feidhmiúcháin in 2020 ar an timpeallacht rialaithe agus an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha a chuir ARC i gcrích, mar chuid d'athbhreithniú Ráiteas Airgeadais 2020, tá an Bord sásta go raibh na rialuithe inmheánacha go léir éifeachtach agus ba é sin an bunús a bhí le háthbhreithniú an Bhoird ar éifeacht na rialuithe inmheánacha in 2020.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2020 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais, cé is moite de na saincheisteanna ó thaobh soláthair a nochtadh thuas.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 2020

don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | 139,000 | 139,000 |
| Acmhainní eile | 3 | 63,341,741 | 95,397,135 |
| Glanchistiú Iarchurtha Pinsean | 5(c) | 4,993,000 | 5,315,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaí curtha ar ais | 5(a) | (921,000) | (842,000) |
| (Caillteanas)/Gnóthachan ó dhiúscairt sócmhainní | | (30,000) | 58,959 |
| **Ioncam Iomlán** | | **67,522,741** | **100,068,094** |
| **Caiteachas** | | | |
| Luach Saothair agus Costais Phá Eile | 4(a) | (22,686,166) | (25,485,710) |
| Costais sochair scoir | 5(a) | (5,411,341) | (5,535,568) |
| Comhairle theicniúil | 6 | (158,447) | (536,060) |
| Costais riaracháin | 7 | (7,260,106) | (8,039,493) |
| Costais an chláir | 8 | (34,804,861) | (49,471,327) |
| Dímheas | 9 | (8,339,201) | (7,351,824) |
| **Caiteachas Iomlán** | | **(78,660,122)** | **(96,419,982)** |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain roimh leithreasaí** | | **(11,137,381)** | **3,648,112** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 13 | 2,575,954 | (4,470,883) |
| **(Easnamh) don bhliain tar éis leithreasaí** | | **(8,561,427)** | **(822,771)** |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir** | | **14,751,560** | **15,574,331** |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **6,190,133** | **14,751,560** |

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

## don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Easnamh don bhliain** | | (8,561,426) | (822,771) |
| Caillteanas / (gnóthachain) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | | (2,180,000) | 1,593,000 |
| Athruithe ar Thoimhdí atá mar bhunús le luach reatha oibleagáidí sochair scoir | | (19,348,000) | (16,258,000) |
| **Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain** | 5(b) | (21,528,000) | (14,665,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | 21,528,000 | 14,665,000 |
| **Caillteanas Cuimsitheach Eile don bhliain** | | **(8,561,426)** | **(822,771)** |

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 9 | 16,942,658 | 19,518,612 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 10 | 2,167,966 | 1,775,220 |
| Réamhíocaíochtaí | 11 | 526,471 | 167,869 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 22,886,528 | 27,608,393 |
| | | 25,580,965 | 29,551,482 |
| **Dliteanais Reatha (méid dlite laistigh de bhliain)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 12 | (19,351,848) | (14,799,922) |
| Saoráid Chreidmheasa | 18 | (38,984) | - |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 6,190,133 | 14,751,560 |
| **Dliteanais Fhadtéarmacha (méideanna dlite tar éis bliana)** | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Sócmhainn iarchurtha um mhaoiniú sochair scoir | 5(c) | 140,763,000 | 113,620,000 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 5(b) | (140,763,000) | (113,620,000) |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais** | | **23,132,791** | **34,270,172** |
| **A léiríonn** | | | |
| Cuntas Caipitil | 13 | 16,942,658 | 19,518,612 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 19 | 6,190,133 | 14,751,560 |
| | | **23,132,791** | **34,270,172** |

Tá an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

## don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain roimh leithreasaí | (11,137,380) | 3,648,112 |
| Dímheas ar shócmhainní seasta | 8,339,201 | 7,351,824 |
| Caillteanas/(Brabús) ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh | 30,000 | (58,959) |
| Méadú ar infháltais | (751,348) | (74,802) |
| Méadú/(Laghdú) ar nithe iníoctha | 4,559,969 | (1,814,154) |
| Ús Bainc a fuarthas | - | (2) |
| Ús bainc íoctha | 74,277 | 31,024 |
| **Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **1,114,719** | **9,083,043** |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíocht chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil | (5,829,548) | (11,822,707) |
| Fáltais ó dhíol maoine, gléasra agus trealaimh | 36,300 | 58,959 |
| **Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(5,793,248)** | **(11,763,748)** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ioncam ó ús bainc | - | 2 |
| Costas úis bhainc | (82,320) | (35,347) |
| Saoráid Chreidmheasa Tarraingthe anuas | 50,000 | - |
| Aisíocaíochtaí i leith Saoráid Chreidmheasa | (11,016) | - |
| **Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(43,336)** | **(35,345)** |
| | | |
| **Glanlaghdú ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Thirim** | **(4,721,865)** | **(2,716,050)** |
| | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid amhail 1 Eanáir | 27,608,393 | 30,324,443 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail 31 Nollaig** | **22,886,528** | **27,608,393** |

## Anailís ar athruithe ar Ghlanfhiach

| | Ag 1 Eanáir 2020 | Sreabhadh Airgid | Amhail 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|---|
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 27,608,393 | (4,682,881) | 22,925,512 |
| | 27,608,393 | (4,682,881) | 22,925,512 |
| **Iasachtaí** | | | |
| Fiachas dlite laistigh de bhliain amháin | - | (38,984) | (38,984) |
| | - | (38,984) | (38,984) |
| **Glanfhiachas iomlán** | **27,608,393** | **(4,721,865)** | **22,886,528** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na mbeartas cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta atá glactha ag an RSA leagtha amach thíos. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

### (a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh an RSA ar bun faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, agus tá ceannoifig aici i bPáirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo. Leagadh síos príomhchuspóirí an RSA san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ar an 1 Meán Fómhair 2006 Is comhlacht corparáideach é an RSA a bhfuil comharbas suthain aige agus a bhfuil séala agus cumhacht aige dlí a agairt ina ainm corparáideach agus agra a dhéanamh ina leith agus talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt. Is comhlacht reachtúil é a thuilleann ioncam nach ón státchiste é ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal agus go páirteach ó dheontas státchiste ón Roinn Iompair (Nóta 2).

Is Aonán Sochair Phoiblí é an RSA ar eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí don phobal i gcoitinne, don phobal agus ar mhaithe le leas sóisialta. Bunaíodh an RSA chun an phríomhról a ghlacadh i réimse na sábháilteachta ar bhóithre agus tá sé freagrach as an méid seo a leanas: feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a ardú agus a chur chun cinn trí fheachtais ollmheáin agus trí chláir oideachais; taighde faoi shábháilteacht ar bhóithre agus ar a phríomhsheirbhísí poiblí lena n-áirítear tástáil tiománaithe, ceadúnú tiománaithe, caighdeáin feithiclí, tástáil feithiclí (tástáil náisiúnta gluaisteán agus tástáil feithiclí tráchtála araon), forfheidhmiú tarlaithe bóthair, teagascóirí tiomána a chlárú (ADI) agus Teastas Inniúlachta Gairmiúla Tiománaithe (CPC Tiománaí). Tá an RSA agus roinnt ranna stáit agus údaráis phoiblí freagrach as an Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2013 - 2020 agus ní mór dóibh uile oibriú le chéile, leis an bpobal a úsáideann bóithre, chun na spriocanna agus na torthaí a leagtar amach sa straitéis sin a bhaint amach agus a sholáthar.

### (b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an RSA don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Tá an RSA ag feidhmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) don bhliain 2020.

### (c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir an choinbhinsiún chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais curtha i dtoll a chéile i bhformáid atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoi Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach agus iad ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an RSA.

### (d) Ioncam

Deontas Oireachtais

Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin óna thaobh sin iad Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

Ioncam agus Costais Úis

Aithnítear Ioncam agus Costais ar bhonn fabhraithe.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

**ar lean**

## 1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**(d) Ioncam (ar lean)**

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe i gcás sruthanna ioncaim lena n-áirítear táillí le haghaidh tástálacha tiomána, an Tobhach Náisiúnta um Thástáil Carranna agus an Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála, mar is é an pointe ina n-aithnítear an t-ioncam ná nuair a chríochnaítear an tástáil. Aithnítear an t-ioncam ó tháillí ar chártaí digiteacha tacagraif, ceadúnais tiomána agus clárúcháin ceadaithe teagascóirí tiomána ar bhonn fáltas airgid mar gheall ar na teorainneacha córasacha a choisceann aitheantas ar bhonn fabhraithe. Tá an RSA i dteideal sciar a fháil d'aon bhrabúis a ghineann soláthraí na seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna. Aithnítear brabúis den sórt sin nuair is dócha go dtiocfaidh sochar eacnamaíoch chun cinn agus gur féidir an sochar sin a thomhas go hiontaofa.

**(e) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar do bhearnú. Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach measta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Feabhsúcháin Léasachta | 5% in aghaidh na bliana |
| (ii) | Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| (iii) | Flít | 20% in aghaidh na bliana |
| (iv) | Crua-earraí | TFC 33% in aghaidh na bliana |
| (v) | Bogearraí Feidhmchláir | 33% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais measta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a rabhthas ag súil léi ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

**(f) Sochair Fostaithe**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus bíonn sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

**(g) Sochair Scoir**

Pinsin Foirne

*Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse*

Amhail 31 Nollaig 2020 bhí 72 ball foirne den RSA i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin na foirne sin san áireamh i ráitis airgeadais an RSA. Cuireann an RSA ranníocaíochtaí pinsin foirne i leith na 72 ball foirne sin chuig an Roinn Iompair agus níl aon oibleagáidí breise ar an RSA dóibh siúd atá ina mbaill den scéim sin.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020
**ar lean**

**(g) Sochair Scoir (ar lean)**

*Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ('Scéim Aonair')*

Oibríonn an RSA an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ('Scéim Aonair'), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí 104 ina mbaill den scéim sin amhail 31 Nollaig 2020. Tá 2 bhall iarchurtha agus 0 pinsinéir sa Scéim freisin.

In 2018, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) in iúl don RSA, go meastar gur Údarás Ábhartha é an RSA mar atá leagtha amach i gCiorclán 28 de 2016. Socraíodh é sin toisc go meastar go bhfuil an RSA féin-mhaoinithe agus dá bhrí sin éilítear air ranníocaíochtaí fostóra do bhaill na 'Scéime Aonair' a chur ar aghaidh chuig DPER de réir fhorálacha na Ciorcláin. Déanann an RSA na ranníocaíochtaí sin a chur ar ais ar bhonn míosúil.

*Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis Sábháilteachta ar Bhóithre*

Foráiltear le hAlt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an RSA Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA (an Scéim). I mí Iúil 2013, cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí ballraíocht na Scéime oscailte d'fhoireann a ghlac páirt trí iomaíocht sheachtrach agus ar bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006 i leith. Amhail 31 Nollaig 2019 bhí 172 ball foirne den RSA a bhí ina mbaill ghníomhacha na Scéime. Tá 16 bhall iarchurtha agus 29 pinsinéir sa Scéim freisin. Feidhmíonn an Scéim ar an mbonn go ndéanann an RSA ranníocaíochtaí pinsin foirne a asbhaint ón bpárolla agus go dtarchuireann na ranníocaíochtaí sin chuig an Roinn Iompair. Dheimhnigh an Roinn Iompair tar éis dóibh an scéal a phlé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go leanfaidh an státchiste ag comhlíonadh dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' do gach ball den Scéim, de réir mar bheidh siad dlite, fad a bheidh an Scéim i bhfeidhm. Is éard atá sa chóras 'íoc mar a úsáidtear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha an státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as scéim aoisliúntais an RSA agus as an Scéim Aonair agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach trí mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

*Scéim Aoisliúntais na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta 1991 go 2000*

Nuair a bunaíodh an RSA, d'aistrigh 6 phinsinéirí chuige nuair a cuireadh deireadh leis an gComhairle Sábháilteachta Náisiúnta. Leithdháiltear maoiniú státchiste ar an RSA gach bliain chun oibleagáidí an bpinsinéirí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

**ar lean**

### (h) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh difríocht a bheith le sonrú idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Bhí an éifeacht ba shuntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### Dímheas agus Luachanna Iarmhair

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas agus tháinig siad ar an gconclúid go raibh saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

#### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha trína gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lacáiste, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus treochtaí maidir le rátaí chostas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ag na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí an mhargaidh saothair sa todhchaí

## 2 Deontais an Oireachtais

Íoctar deontas €139,000 an Oireachtais leis an RSA ó fho-cheannteideal B4 den Vóta Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. In 2020 agus 2019, leithdháileadh deontas sonrach €139,000 an Oireachtais gach bliain ar an RSA, chun na híocaíochtaí pinsin bliantúla a íoc le roinnt pinsinéirí a d'aistrigh chuig an RSA ar dhíscaoileadh na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta. Tá an méid a íoctar leis na pinsinéirí san áireamh i Nóta 4. Tarmligtear an fhreagracht chuig an RSA as na sochair phinsin a íoc, ach ní thagann aon fhabhrú i leith dliteanas chun cinn, toisc go gcomhlíonfaidh an Roinn Iompair na hoibleagáidí de réir mar a bheidh siad dlite.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

**ar lean**

## 3. Acmhainní Eile

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam ó Cheadúnais Thiomána | 19,841,518 | 25,650,710 |
| Tobhach Náisiúnta um Tástáil Carranna | 18,590,593 | 31,176,098 |
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | 13,298,001 | 15,391,390 |
| Ioncam ó Tháillí Tástála Tiománaithe | 10,151,685 | 21,346,716 |
| Ioncam ó Sheirbhís Dhigiteach Thacagraif | 642,615 | 804,875 |
| Ioncam ó Theagascóirí Ceadaithe Tiomána | 220,839 | 385,419 |
| Ioncam maidir le hIompar Earraí Contúirteacha | 304,272 | 298,011 |
| Ioncam Urraíochta | - | 82,000 |
| Ioncam ó Ús Bainc | - | 2 |
| Ilghnéitheach | 292,218 | 261,814 |
| | **63,341,741** | **95,397,135** |

Is comhlacht reachtúil é an RSA a thuilleann ioncam ó sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Tá na príomhfhoinsí ioncaim leagtha amach thíos.

| An Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Ioncam ó Cheadúnais Thiomána | Tá an RSA freagrach as eisiúint agus athnuachan ceadúnas tiomána. Faightear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as ceadúnas tiomána a fháil/a athnuachan. Tharla laghdú mór ar líon na gceadúnas a eisíodh i 2020 mar gheall ar thionchar COVID 19. Cuireadh an tseirbhís ar fionraí don tréimhse ón 26 Márta go dtí an 8 Meitheamh 2020 agus tugadh síneadh seacht mí do gach ceadúnas a bhí le hathnuachan sa tréimhse ón 1 Márta 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2020. |
| Tobhach Náisiúnta um Tástáil Carranna | Faigheann an RSA ioncam ó thobhach bunaithe ar líon na ngluaisteán a ndearnadh tástáil orthu. Bailíonn an soláthraí seirbhíse ar conradh an táille chomhlán nuair a dhéantar an tástáil agus cuirtear cuid den táille tástála ar ais go míosúil i riaráistí chuig an RSA. In 2020, b'ionann láimhdeachas an chonraitheora foinsithe allamuigh a oibríonn an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna agus thart ar €50.28m (2019: €74.2m) agus fuair an RSA €18.59m (2018- €31.1m) in ioncam tobhaigh. Tá laghdú tagtha ar an tobhach a fuarthas i ndáil leis an Tástáil Náisiúnta Carranna mar gheall ar:<br><br>▪ Laghdú ar mhéid an fhlít a tástáladh in 2020 mar thionchar díreach ar COVID 19 agus mar thoradh ar an chaoi ar cuireadh an tseirbhís ar fionraí le linn R2 agus gur cuireadh síneadh ceithre mhí le gach teastas<br><br>▪ Admháil ar sciar brabúis don tréimhse 2016 - 2018 in 2019 de €7.79m.<br><br>▪ Síníodh conradh nua NCT i mí an Mheithimh 2019 agus faoi théarmaí an chonartha sin íocadh €1m leis an Údarás i Meán Fómhair 2019 arb ionann é agus 50% den íocaíocht tobhaigh tosaigh de €2m. Íocadh an 50% eile i Márta 2020. |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 3. Acmhainní Eile (ar lean)

| An Cineál Ioncaim | Foinse |
|---|---|
| Tobhach Tástála Feithiclí Tráchtála | Leanann an RSA ar aghaidh ag aithint ioncaim ó Thobhach Tástála Feithiclí Tráchtála in 2020, agus an laghdú bliain i ndiaidh bliana, mar thoradh ar líon níos lú feithiclí tráchtála a bheith á dtástáil in 2020 mar thionchar díreach ar COVID 19. Cuireadh an tseirbhís ar fionraí ar feadh cuid de R2 2020 agus cuireadh síneadh trí mhí le gach teastas. |
| Ioncam ó Thástáil Tiománaithe | Tá an RSA freagrach as tástáil tiománaithe. Faightear an t-ioncam sin ó tháillí a íocann tiománaithe as tástáil tiomána a dhéanamh, a aithnítear mar ioncam é nuair a bhíonn an tástáil críochnaithe. Tharla an laghdú mór ar ioncam in 2020 mar gheall ar thionchar COVID 19 ar an tseirbhís tástála tiomána a chuireadh ar fionraí ar dtús sa tréimhse ó 13 Márta go 20 Iúil 2020 agus sa dara háit nuair a atosaíodh an tseirbhís laghdaíodh méid tástálacha in aghaidh an lae mar gheall ar na bearta sábháilteachta breise a bhí riachtanach chun treoirlínte sábháilteachta COVID 19 a chomhlíonadh. |
| Ioncam ó Sheirbhís Dhigiteach Thacagraif | Tá an RSA freagrach as reachtaíocht maidir le 'huaireanta tiománaithe' a fhorfheidhmiú. Faigheann an RSA ioncam ó tháillí nuair a eisíonn sé cárta tacagraif digiteach leictreonach chuig tarrthóirí chun uaireanta tiománaithe a thaifeadadh. |
| Ioncam ó Theagascóirí Ceadaithe Tiomána | Tá an RSA freagrach as rialáil thionscal na dTeagascóirí Tiomána. Faigheann an RSA ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé agus a thástálann sé teagascóir tiomána. |
| Ioncam maidir le hIompar Earraí Contúirteacha | Tá an RSA freagrach as iompar earraí contúirteacha a rialáil. Faigheann an RSA ioncam ó tháillí nuair a chláraíonn sé tarlóir mar Iompróir Earraí Contúirteacha. |

## 4 Luach Saothair agus Costais Phá Eile

### 4(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail Foirne | 18,884,057 | 19,804,143 |
| Ranníocaíocht fostóra i leith leas sóisialta | 1,705,813 | 1,701,808 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | 278,460 | 332,374 |
| Taisteal agus cothú na Foirne agus comhaltaí an Bhoird - in Éirinn | 1,535,966 | 3,278,404 |
| Taisteal agus cothú na foirne agus an Bhoird - thar lear | 12,977 | 73,886 |
| Costais eile foirne | 31,701 | 82,836 |
| Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird (lena n-áirítear luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin) | 237,192 | 212,259 |
| **Iomlán** | **22,686,166** | **25,485,710** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 4 Luach Saothair agus Costais Phá Eile (ar lean)

### 4(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile (ar lean)

Ní chuimsíonn na costais thuas na costais thuarastail a bhaineann le baill foirne inmheánacha a shanntar do thionscadail chaipitiúla agus ar caipitlíodh a gcostais, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, arb ionann iad agus €685,248 (2019: €417,060). Baineadh asbhaintí maidir le pinsin dar luach €472,948 san iomlán ó thuarastail agus ó phá agus íocadh iad leis an Roinn Iompair, i leith 2020 (2019: €541,775). Ba é líon iomlán na foirne (Coibhéis Lánaimseartha [WTE]) a bhí fostaithe ag deireadh na bliana ná 400 (2019: 407.3) Bhí 2 eile (2019: 2) tugtha ar iasacht don RSA ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus CIÉ.

#### (i) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 19,121,248 | 20,016,402 |
| Ranníocaíocht fostóra i leith leas sóisialta | 1,705,813 | 1,701,808 |
| | **20,827,061** | **21,718,210** |

#### (ii) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Pá bunúsach | 18,410,736 | 18,723,097 |
| Ragobair | 208,197 | 765,664 |
| Liúntais | 502,315 | 527,641 |
| | **19,121,248** | **20,016,402** |

#### (iii) Sochair Fhoirceanta

Níor thabhaigh an RSA aon chostais sochair fhoirceanta in 2020 ná in 2019.

### 4(b) Miondealú ar shochair fostaithe don bhliain

| Raon sochar iomlán fostaithe<br>Ó | Go | Líon na bhfostaithe 2020 | Líon na bhFostaithe 2019 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | - €69,999 | 41 | 48 |
| €70,000 | - €79,999 | 17 | 13 |
| €80,000 | - €89,999 | 7 | 4 |
| €90,000 | - €99,999 | 1 | 2 |
| €100,000 | - €109,999 | 4 | 4 |
| €110,000 | - €119,999 | - | - |
| €120,000 | - €129,999 | - | - |
| €130,000 | - €139,999 | - | - |
| €140,000 | - €149,999 | - | - |
| €150,000 | - €159,999 | - | 1 |

Cuimsíonn sochair an fhostaí tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuimsíonn sé ÁSPC an fhostóra.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 4 Luach Saothair agus Costais Phá Eile (ar lean)

### 4(c) Cúiteamh Príomhphearsanra an Lucht Bainistíochta

Tá príomhphearsanra an lucht bainistíochta sa RSA comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird, an POF, an cúigear stiúrthóir agus príomhinnealtóir. Tá luach iomlán sochar fostaí phríomhphearsanra an lucht bainistíochta leagtha amach thíos.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 826,404 | 832,691 |
| Liúntais | - | - |
| | **826,404** | **832,691** |

Ní chuimsíonn sé sin luach na sochar scoir a thuilleadh sa tréimhse. Tá príomhphearsanra an lucht bainistíochta ina mbaill de Scéim Aoisliúntais Foirne an RSA, Scéim Aoisliúntais na Státseirbhíse nó Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair. Ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar téarmaí scéim "eiseamláireach" na seirbhíse poiblí.

### Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh

Is mar seo a leanas atá pacáiste luach saothair an POF sa tréimhse airgeadais:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Luach saothair an iar-POF (ó 1 Eanáir go 31 Márta) | 43,204 | 156,428 |
| Luach Saothair an POF Eatramhaigh (ó 1 Aibreán go 13 Meán Fómhair) | 113,135 | - |
| Luach Saothair an POF reatha (ón 14 Meán Fómhair go 31 Nollaig) | 43,397 | - |
| | **199,736** | **156,428** |

Mar a dúradh thuas, d'éirigh an t-iar-POF as a post in 2020, agus bhí a lá deireanach aici ar an 31 Márta 2020. Ghlac an Príomhfheidhmeannach reatha leis an ról an 14 Meán Fómhair 2020. Cuireadh tús le ról an POF eatramhaigh ar an 1 Aibreán 2020, toisc gur costas conraitheora é sin tá CBL san áireamh sa luach saothair a nochtadh.

Tá an POF reatha ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair, agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime pinsin sin. Ní áirítear luach na sochar scoir a thuillteadh sa tréimhse thuas.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 5 Costais Sochair Scoir

### 5(a) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Ollchostas na seirbhíse reatha | 4,729,000 | 3,991,000 |
| Lúide costas reatha seirbhís agus costas úis comhaltaí Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (SPSPS) | (622,000) | (343,000) |
| Ranníocaíochtaí na mball (agus ranníocaíochtí aoisliúntais bhreise (ASC) san áireamh) | (921,000) | (842,000) |
| Ranníocaíochtaí fostóra le Scéim Pinsin na Seirbhísí Poiblí Aonair | 751,341 | 727,568 |
| Costas úis ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 1,474,000 | 2,002,000 |
| | **5,411,341** | **5,535,568** |

* Cuireadh ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (ASC) in ionad na hasbhainte a bhaineann le pinsean (PRD) le héifeacht ón 1 Eanáir 2019. Cuimsíonn ranníocaíochtaí comhaltaí a nochtadh in 2020 agus 2019 ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise na mball.

### 5(b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Glan-oibleagáid sochair scoir amhail 1 Eanáir | (113,620,000) | (93,297,000) |
| Costas seirbhíse reatha | (4,729,000) | (3,991,000) |
| Costas úis | (1,474,000) | (2,002,000) |
| Caillteanas Achtúireach | (21,528,000) | (14,665,000) |
| Pinsin íoctha sa bhliain | 588,000 | 335,000 |
| **Glan-oibleagáid sochair scoir amhail 31 Nollaig** | **(140,763,000)** | **(113,620,000)** |

### 5(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Aithníonn an Bord na méideanna sin mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith sochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a thuairiscítear thíos ag 5(e) agus roinnt imeachtaí roimhe seo. Cuimsíonn na himeachtaí sin an bunús reachtúil chun na scéimeanna sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Tá deimhniú ag an mBord ón Roinn Iompair go leanfaidh an státchiste de na dliteanais faoin Scéim a chomhlíonadh ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' do gach ball den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite, chomh fada agus a bheidh an Scéim ag feidhmiú.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 5 Costais Sochair Scoir (ar lean)

### 5(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir (ar lean)

Foráiltear le halt 44 den Acht um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 do mhaoiniú íocaíochtaí pinsin faoin Scéim Aonair de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí as an gCiste Lárnach nó as cistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críche sin.

Is mar seo a leanas atá an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú inghnóthaithe i leith chostais sochair scoir na bliana reatha (lúide coigeartú do SPSPS) | 5,581,000 | 5,650,000 |
| Deontas Stáit curtha i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (588,000) | (335,000) |
| | **4,993,000** | **5,315,000** |

Ba í an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir ar an 31 Nollaig 2020 ná €140.76m (2019: €113.62m).

### 5(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe | 140,763 | 113,620 | 93,297 | 91,263 | 74,303 | 54,521 |
| Caillteanas / (gnóthachain) ó thaithí ar oibleagáidí sochair shainithe | (2,180) | 1,593 | (4,580) | (7,575) | (2,915) | 1,826 |
| Mar chéatadán de dhliteanais na scéime | (1.5%) | 1.4% | (4.9%) | (8.3%) | (3.9%) | 3.3% |

### 5(e) Tuairisc ghinearálta ar an scéim

Is éard atá sa scéim sochair phinsean ná scéim ina bhfuil socruithe sochair sainithe faoi thuarastal an phinsin deiridh inti agus ina sainítear na sochair trí thagairt do rialacháin "eiseamláireacha" reatha na scéimeanna san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (is é sin 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (arb é 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse í) agus pinsin céilí agus leanaí. Is í an ghnáth-aois scoir ná 65ú lá breithe an bhaill, agus tá teidlíocht ag baill a fostaíodh roimh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 62 bliana d'aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (Scéim Aonair) an scéim pinsin sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir an Achta um Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Tá foráil sa scéim do phinsean agus chnapshuim scoir bunaithe ar meántuilleamh inphinsin gairmréime, agus do phinsin chéile agus leanaí. Is é 66 bliain an aois íosta pinsin (ag ardú de réir athruithe aoise maidir le phinsin Stáit). Cuimsíonn sé saoráid luathscoir laghdaithe ag achtúire ó aois 55. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 5 Costais Sochair Scoir (ar lean)

### 5(e) Tuairisc ghinearálta ar an scéim (ar lean)

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire neamhspleách cáilithe ar an 11 Feabhra 2021, agus riachtanais an FRS á gcur san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas ar an 31 Nollaig 2010.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 3.2% in aghaidh na bliana | 3.2% in aghaidh na bliana |
| Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir mar íocaíocht | 1.7% in aghaidh na bliana | 1.7% in aghaidh na bliana |
| Ráta lascaine | 0.7% in aghaidh na bliana | 1.3% in aghaidh na bliana |
| Ráta Boilscithe | 1.7% in aghaidh na bliana | 1.7% in aghaidh na bliana |

Is é 0.6% bliain ar bhliain an t-athrú atá ar an ráta lascaine toisc gur thit táirgeacht na mbannaí i limistéar an Euro go suntasach anuraidh, tháinig laghdú freisin ar thorthaí na mbannaí sin. Faoin gcaighdeán cuntasaíochta, éilítear go mbeidh an ráta lascaine bunaithe ar an toradh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin (arna nglacadh mar rátáil AA) atá cosúil le fad na ndliteanas. Toisc go gcuirtear é sin i bhfeidhm thar ré iomlán na ndliteanas bhí an tionchar an-suntasach

#### Ráta Báis

Ba iad seo a leanas na táblaí básmhaireachta a úsáideadh;

| | Fir | Mná |
|---|---|---|
| Básmhaireacht réamhscoir | PMA 92 c 2020 | PFA 92 c 2020 |
| Básmhaireacht iar-scoir | PMA 92 c 2025 <1 bhl | PFA 92 c 2025 <1 bhl |

Bunaithe ar na táblaí sin tá ionchas saoil ag aois 65 mar seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Fireann | 22.2 bliana | 22.1 bliana |
| Baineann | 25.3 bliana | 25.2 bliana |

## 6 Comhairle Theicniúil

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle Theicniúil | 158,447 | 536,060 |
| **Iomlán** | **158,447** | **536,060** |

Baineann an chomhairle seo go príomha le costais chomhairliúcháin ar chaighdeáin feithiclí a bhí i bhfad níos ísle in 2020, mar thoradh ar bhearta sábhála costais a bhí ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 7 Costais Riaracháin

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Priontáil agus Stáiseanóireacht | 470,406 | 584,516 |
| Postas | 139,321 | 206,966 |
| Costais Bainistíochta Saoráide | 1,321,930 | 1,182,078 |
| Fuinneamh | 241,243 | 226,116 |
| Costais Theileafóin agus Malartaithe Sonraí | 738,761 | 619,129 |
| Costais Bogearraí, Ceadúnaithe agus Tacaíochta | 1,554,958 | 1,993,097 |
| Cothabháil Crua-earraí | 48,664 | 223,774 |
| Táillí Iniúchóireachta | 36,000 | 36,000 |
| Táillí Iniúchta Inmheánaigh | 66,863 | 90,002 |
| Riarachán Párolla | 45,024 | 41,958 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 322 | 13,204 |
| Árachas | 56,863 | 39,735 |
| Cothabháil Suímh Ghréasáin | 20,959 | 17,897 |
| Táillí i leith Idirbhearta Airgeadais | 214,572 | 219,173 |
| Costas Úis Bainc | 82,320 | 35,347 |
| Costais Saoráide Fruilithe | 869,968 | 1,059,890 |
| Costais um Bhainistiú Flít | 379,392 | 295,207 |
| Costais Riaracháin AD | 78,319 | 45,460 |
| Oifig Bainistíochta Tionscadal | - | 62,861 |
| Bainistíocht Athruithe | 472,773 | 1,047,083 |
| TCP a bhaineann le COVID | 421,448 | - |
| **Iomlán** | **7,260,106** | **8,039,493** |

Tharla an laghdú bliain i ndiaidh bliana ar chostais riaracháin in 2020 mar gheall ar na bearta riachtanacha coigilte costais chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19. Rinneadh na coigiltis sin a fhritháireamh beagán trí na costais bhreise a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht fhoireann agus chustaiméirí an RSA a chinntiú, agus an trealamh cosanta pearsanta (TCP) ábhartha a sholáthar chun cloí le treoirlínte an rialtais.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 8 Costais Chláir

| | | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| (a) | Tástáil Teoirice Tiománaithe | 18,771 | 183,741 |
| (b) | Forfheidhmiú agus Cumarsáid Tarlaithe Bóthair | 2,034,911 | 2,187,214 |
| (c) | An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna | 1,242,470 | 1,354,509 |
| (d) | Sábháilteachta ar Bhóithre a Chur Chun Cinn | 2,867,279 | 5,409,675 |
| (e) | Oideachas faoi Shábháilteacht ar Bhóithre | 773,705 | 1,460,958 |
| (f) | Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 2,068,074 | 3,986,198 |
| (g) | Taighde ar Shábháilteachta ar Bhóithre | 670,732 | 482,149 |
| (h) | Oideachas Tiománaithe | 422,953 | 872,603 |
| (i) | Táillí dlí | 1,326,703 | 1,151,754 |
| (j) | Tástáil Acmhainneacht Bóthair Feithiclí Tráchtála | 2,466,076 | 3,011,267 |
| (k) | Tástáil Tiománaithe | 211,984 | 223,046 |
| (l) | Feabhsú Beartais agus Próisis maidir le Ceadúnais Tiomána | 547,743 | 696,709 |
| (m) | Cumarsáid | 1,145,225 | 1,222,684 |
| (n) | An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána | 18,454,813 | 26,568,657 |
| (o) | Caighdeán Tiomána na Seirbhísí Éigeandála | 7,142 | 31,934 |
| (p) | Costais an Chláir Thachagraif Dhigitigh | 421,252 | 581,726 |
| (q) | Costais Chláir Eile | 125,028 | 46,503 |
| | **Iomlán** | **34,804,861** | **49,471,327** |

(a) Is é sin an costas a bhaineann le hathbhreithniú agus nuashonrú iomlán a dhéanamh ar thacar Ceisteanna Tástála na Seirbhíse Tástála Teoirice do Thiománaithe agus iarratas ar athrú a dhéanamh an riachtanas éigeantach cárta seirbhísí poiblí a shealbhú, ar cuireadh tús leis in 2018 agus a tugadh chun críche in 2019, agus gur tabhaíodh costais íosta ina leith in 2020.

(b) sin iad na costais a bhaineann leis an gclár forfheidhmithe lena n-áirítear costais mhaoirseachta, iniúchtaí teicniúla agus cumarsáide le haghaidh CVR.

(c) Is é sin costas maoirseachta agus monatóireachta na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna, baineann an ghluaiseacht bliain i ndiaidh bliana leis na costais a bhaineann le hath-ligean na Seirbhíse Náisiúnta Tástála Carranna a bheith níos airde sa bhliain chomparáideach.

(d) Is clár é maidir le cur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre ina gcuireann an RSA sábháilteacht ar bhóithre chun cinn go leanúnach trí úsáid a bhaint as uirlisí cumarsáide margaíochta mar fhógraíocht trína gcinntítear foghlaim leanúnach ar fáil do gach úsáideoir bóthair. Tá an laghdú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar na bearta riachtanacha um choigilt airgid chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 8 Costais Chláir (ar lean)

(e) Is éard is clár um oideachas sábháilteachta ar bhóithre ná clár atá dírithe ar oideachas úsáideoirí bóthair a sholáthar suas go dtí an tríú leibhéal trí raon feachtas oideachais atá forbartha go speisialta chuige sin. Tá an laghdú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar na bearta riachtanacha um choigilt airgid chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19.

(f) Is clár spriocdhírithe é an clár faoi feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí úsáideoirí bóithre ar leith chun iad a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre trí mhodhanna éagsúla mar leas a bhaint as an tointeálaí (An tAonad Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre) agus teachtaireachtaí faoi shábháilteacht ar bhóithre a aistriú go roinnt teangacha. Tá an laghdú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar na bearta riachtanacha um choigilt airgid chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19.

(g) Sin é an costas a bhaineann le cláir thaighde a dhéanamh ar shábháilteacht ar bhóithre. Baineann an méadú ar chostais bliain i ndiaidh bliana leis na costais a bhaineann le hullmhú na Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre do na deich mbliana atá amach romhainn

(h) Is caiteachas cláir é Oideachas Tiománaithe a bhaineann le rialáil thionscal na dTeagascóirí Tiomána Formheasta. Áirítear leis freisin reáchtáil an chláir um Theastas Inniúlachta Gairmiúla Tiománaithe i leith tiománaithe gairmiúla busanna agus trucailí. Tá an laghdú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar na bearta riachtanacha um choigilt airgid chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19.

(i) Is táillí dlí iad sin a thabhaítear i ndáil le cláir an RSA lena n-áirítear an clár Tástála Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála, clár na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána agus gach clár eile.

(j) Baineann an costas sin le hoibriú an chláir um Thástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála. Tá an laghdú bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar na bearta riachtanacha um choigilt airgid chun aghaidh a thabhairt ar thionchar airgeadais COVID 19.

(k) Sin costas na bhfeabhsuithe ar an gclár Tástála Tiománaithe a bhaineann le teoiric agus le tástálacha praiticiúla tiomána, go háirithe forbairt ábhar siollabais.

(l) Baineann an clár sin le caiteachas i bhforbairt agus i bhfeabhsú na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána.

(m) Thabhaíonn an RSA costas i ndáil lena ghníomhaíochtaí ceannaigh sna meáin agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus caidrimh phoiblí sna meáin. Cuimsíonn sé gníomhaíocht an RSA sna meáin shóisialta freisin.

(n) Baineann caiteachas an chláir sin le costais oibriúcháin na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnas Tiomána agus áirítear leis costas a bhaineann le táirgeadh cártaí, an líonra gníomhairí agus eilimintí próiseála cúloifige na seirbhíse cheadúnais. Tugadh laghdú mór faoi deara ar líon na n-iarratas ar cheadúnais, mar gheall ar COVID 19 agus cur na seirbhíse ar fionraí i Ráithe 2 2020 agus an síneadh 7 mí a cuireadh ar gach athnuachan, rud a d'fhág go raibh laghdú mór ar chostais bliain i ndiaidh bliana a bhí ag teacht leis an laghdú ar ioncam. Rinneadh idirbheartaíocht ar shocrú costas seasta breise dar luach €0.4m le ceann de na soláthraithe NDLS atá seachfhoinsithe, don tréimhse seirbhíse a bhí curtha ar fionraí idir Aibreán agus Meitheamh 2020, chun cabhrú maidir le croíchostais foirne toisc gur samhail thrasghníomhaíochta ab ea an conradh.

(o) Sin iad na costais chláir a bhaineann le Caighdeán Tiomána na Seirbhíse Éigeandála.

(p) sin iad na costais chláir a bhaineann leis an tSeirbhís Dhigiteach Thacagraif.

(q) Baineann costais faoin gceannteideal sin le costais fógraíochta maidir le caighdeáin feithiclí agus fógraí faoi thástáil feithiclí.

Ní chuirtear costais fhoireann an RSA i riaradh na gclár sin san áireamh sna méideanna a thaispeántar sa nóta seo toisc nach sanntar costais foirne go sonrach chuig cláir faoi leith agus mar sin níl sé praiticiúil na costais sin a leithdháileadh.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 9 Maoin, Gléasra agus Trealamh

### 9(a) 2020 Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Ar Léas | Daingneáin agus Feistis | Flít | Crua-earraí | Bogearraí Feidhmchláir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2020 | 6,631,545 | 1,257,521 | 1,177,555 | 4,218,051 | 42,787,937 | 56,072,609 |
| Breiseanna | 505,401 | 70,163 | 67,424 | 38,681 | 5,147,879 | 5,829,548 |
| Diúscairtí | - | - | (67,424) | - | - | (67,424) |
| **Amhail 31 Nollaig 2020** | **7,136,946** | **1,327,684** | **1,177,555** | **4,256,732** | **47,935,816** | **61,834,733** |
| Dímheas | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2020 | 696,158 | 1,045,713 | 1,027,605 | 3,354,311 | 30,430,210 | 36,553,997 |
| Muirear don bhliain | 350,524 | 69,813 | 131,413 | 397,824 | 7,389,627 | 8,339,201 |
| Diúscairtí | - | - | (1,123) | - | - | (1,123) |
| **Amhail 31 Nollaig 2020** | **1,046,682** | **1,115,526** | **1,157,894** | **3,752,135** | **37,819,837** | **44,892,075** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| **Amhail 31 Nollaig 2020** | **6,090,264** | **212,158** | **19,660** | **504,597** | **10,115,979** | **16,942,658** |
| **Amhail 31 Nollaig 2019** | **5,935,387** | **211,808** | **149,950** | **863,740** | **12,357,727** | **19,518,612** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 9 Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

### 9(b) 2019 Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Ar Léas €| Daingneáin agus Feistis € | Flít € | Don Speisialtóir Trealamh Telecom € | Crua-earraí € | Bogearraí Feidhmchláir € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2019 | 3,313,577 | 1,141,493 | 1,402,350 | 561,757 | 3,389,326 | 35,227,951 | 45,036,454 |
| Breiseanna | 3,317,968 | 116,028 | - | - | 828,725 | 7,559,986 | 11,822,707 |
| Diúscairtí | - | - | (224,795) | (561,757) | - | - | (786,552) |
| **Amhail 31 Nollaig 2019** | **6,631,545** | **1,257,521** | **1,177,555** | **-** | **4,218,051** | **42,787,937** | **56,072,609** |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2019 | 447,987 | 992,584 | 1,079,722 | 561,757 | 3,003,765 | 23,902,910 | 29,988,725 |
| Muirear don bhliain | 248,171 | 53,129 | 172,678 | - | 350,546 | 6,527,300 | 7,351,824 |
| Diúscairtí | - | - | (224,795) | (561,757) | - | - | (786,552) |
| **Amhail 31 Nollaig 2019** | **696,158** | **1,045,713** | **1,027,605** | **-** | **3,354,311** | **30,430,210** | **36,553,997** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail 31 Nollaig 2019** | **5,935,387** | **211,808** | **149,950** | **-** | **863,740** | **12,357,727** | **19,518,612** |
| **Amhail 31 Nollaig 2018** | **2,865,590** | **148,909** | **322,628** | **-** | **385,561** | **11,325,041** | **15,047,729** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 10 Infháltais

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Tobhach Náisiúnta um Tástáil Carranna | 1,496,678 | 1,208,838 |
| Tobhach Tástála Teoirice Tiomána | 561,456 | 506,057 |
| Táillí Tástála Tiománaithe | 21,595 | - |
| Ioncam ó Cheadúnais Thiomána | 57,690 | 48,325 |
| Ioncam Eile | 30,547 | 12,000 |
| **Iomlán** | **2,167,966** | **1,775,220** |

## 11 Réamhíocaíochtaí

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Árachas | 39,257 | 37,234 |
| Ceadúnais Bogearraí | 407,365 | 92,684 |
| Eile | 79,849 | 37,951 |
| **Iomlán** | **526,471** | **167,869** |

## 12 Nithe Iníoctha

**Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin**

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 3,316,611 | 4,257,236 |
| ÍMAT/ÁSPC | 479,608 | 444,714 |
| Asbhaintí Párolla | 103,485 | 150,013 |
| CBL | 135,275 | 345,422 |
| Cáin Iarchoimeádta | 253,279 | 337,898 |
| Fabhruithe | 6,244,556 | 4,106,810 |
| Fabhrú Pá Saoire | 525,031 | 394,453 |
| Ioncaim Iarchurtha ó Tháillí Tástála Tiomána | 7,389,293 | 3,812,494 |
| Ioncaim Iarchurtha ó Thobhach Tástála Feithicle Tráchtála | 341,534 | 410,855 |
| Aoisliúntas dlite don Roinn Iompair | 563,176 | 540,027 |
| **Iomlán** | **19,351,848** | **14,799,922** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 13 Cuntas Caipitil

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 19,518,612 | 15,047,729 |
| **Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ó Chúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | |
| Ioncam a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach | 5,829,548 | 11,822,707 |
| Diúscairt Maoine, Gléasra agus Trealamh (NBV> €0) | (66,300) | - |
| Amúchadh sócmhainní seasta | (8,339,201) | (7,351,824) |
| **Aistriú chuig an gCuntas Caipitil** | (2,575,953) | 4,470,883 |
| | | |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | **16,942,659** | **19,518,612** |

## 14 Ceanglais Chaipitil

Tá tiomantais chaipitiúla ag an RSA maidir le réitigh a tháirgeadh chun seirbhísí éagsúla maidir le roinnt conarthaí a éascú, faoin gclár um Threochlár TFC 2017-2021. Faoi na téarmaí conartha sin don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go 30 Meán Fómhair 2021, tá ceanglais chaipitil chonarthacha de €2.529m ag an RSA (2019: €2.579m).

Comhlíonfaidh an RSA na ceanglais sin óna chúlchistí agus ó ioncam a gheofar amach anseo ó shruthanna ioncaim éagsúla.

## 15 Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ar an 31 Nollaig 2020.

## 16 Faisnéisiú Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an RSA le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le baill an Bhoird a bheith ag nochtadh leasanna, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara ann in 2020.

## 17 Áitribh

Tá an RSA lonnaithe ina cheannoifig i mBéal an Átha agus i bhfo-oifig i mBaile Locha Riach. Is le hOifig na nOibreacha Poiblí na háitribh sin agus níl aon chíos iníoctha ag an RSA. Tá 57 ionad tástála tiománaithe ag an RSA ar fud na tíre, lena n-áirítear dhá chompún le haghaidh feithiclí earraí troma (HGVanna). Tá 20 acu sin lonnaithe in oifigí roinnte de chuid an rialtais, tá 21 lonnaithe in áitribh eile arna sholáthar ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá 16 tógtha ar cíos go díreach ag an RSA mar socrú eatramhach. Gearrtar costais seirbhísí comhroinnte ar an RSA as na hionaid sin atá lonnaithe in oifigí comhroinnte de chuid an rialtais.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020
**ar lean**

## 18 Iasachtaí

Ceadaíonn Alt 13 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 don RSA airgead a fháil ar iasacht le toiliú an Aire Iompair, le comhaontú an Aire Airgeadais chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. I mí an Mheithimh 2020, chuir an tÚdarás saoráidí creidmheasa i bhfeidhm lena bhanc lena chinntiú go mbeadh an t-airgead agus an leachtacht iomchuí aige chun leanúint ar aghaidh ag obair tríd phaindéim COVID-19. I mí Lúnasa 2020, tarraingíodh anuas €50,000 mar mhéid ainmniúil chun an tsaoráid a ghníomhachtú, tá sé sin á aisíoc thar thréimhse 18 mí, agus íocfar an t-iarmhéid, €38,984, ar an 31 Nollaig 2020. Go dtí seo bhí go leor airgid ginte ag an RSA chun dliteanais a chlúdach de réir mar a bhí siad dlite. Ag brath ar fhad na heipidéime COVID-19 agus an drochthionchar leanúnach atá aici ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh drochthioncar airgeadais breise ar an Údarás i 2021. Ní féidir an tionchar díreach ar ár n-oibríochtaí i 2021 ná ina dhiaidh sin a thuar.

## 19 Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Ag deireadh 2020, bhí cúlchistí carnacha coinnithe ag an RSA arb' fhiú €6.19m iad. Leithdháileadh €0.139m go sonrach don RSA ón státchiste chun íocaíochtaí pinsin do phinsinéirí ar a leabhair a íoc in 2020. Seachas sin, d'oibrigh an RSA ar bhonn féin-mhaoinithe in 2020. Tháinig laghdú €8.56m ar na cúlchistí coinnithe in 2020 mar gheall ar thionchar paindéim COVID 19 a d'fhorbair go tapa in 2020.

Chuir an Rialtas bearta i bhfeidhm chun an víreas a shrianadh agus bhí tionchar acu ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar oibríochtaí an Údaráis. Ón 28 Márta 2020, cuireadh seirbhísí poiblí an Údaráis ar fionraí agus tugadh isteach rialacháin trínar leathnaíodh tréimhsí bailíochta ceadúnas agus teastais do raon seirbhísí poiblí an Údaráis, agus mar thoradh air sin ní raibh an tÚdarás in ann aon ioncam a thuilleamh ar feadh roinnt mhíonna go dtí gur thosaíodh na seirbhísí arís ar bhonn céimnithe ón 18 Bealtaine, ar bhealach a bhí ailínithe le treochlár an Rialtais. Bhí tionchar ag Dianghlasáil 2 agus ag Dianghlasáil 3 ar sheirbhísí an RSA ach bhí tionchar níos lú acu ná mar a bhí ag Dianghlasáil 1 toisc gur measadh go bhfuil seirbhísí RSA riachtanach le haghaidh custaiméirí ar leith. Toisc go gcruthaíonn an tÚdarás a mhaoiniú féin den chuid is mó, bhí an-tionchar ag COVID 19 ar oibríochtaí agus ar staid airgeadais an Údaráis.

Chuir an tÚdarás clár laghdaithe costas i bhfeidhm in 2020 chun gach caiteachas idirbheartaíochta agus lánroghnach a laghdú chun maolú a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ó thaobh laghdú ioncaim de. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás bainistíocht réamhghníomhach ar a chúlchistí airgid thar thréimhse COVID-19 chun íocaíochtaí agus dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bhí siad dlite in 2020. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil lena mháthairchuideachta, an Roinn Iompair, maidir lena staid airgeadais agus maidir leis an chaoi a raibh sé ag leanúint air ag atosú a sheirbhísí poiblí chun cur ar a chumas oibriú le linn na paindéime.

## 20 Imeachtaí ina dhiaidh sin

Ní raibh aon imeachtaí intuairiscithe a chuaigh i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais ó dheireadh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.

## 21 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Faomhadh na Ráitis Airgeadais an RSA ar an 24 Meitheamh 2021.

# Nótaí deiridh

1 Bunaithe ar mheastacháin daonra (Aibreán 2020) ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

2 Ríomhadh an figiúr seo ó na figiúirí is déanaí maidir le Mheán Bliantúil an Ráta Dífhostaíochta Coigeartaithe Séasúrach do dhaoine 15-74 bliana d'aois, an Phríomh-Oifig Staidrimh, https://data.cso.ie/table/MUM01

3 Fhigiúirí a fuarthas faoi Fheithiclí Nua a bhí Ceadúnaithe den chéad uair, An Phríomh-Oifig Staidrimh, https://data.cso.ie/table/TEA15

4 Ollchlár Iompair 2018 agus 2019, An Phríomh-Oifig Staidrimh (2018 agus 2019). https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-tranom/transportomnibus2018/roadtrafficvolumes/ ; https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-tranom/transportomnibus2019/roadtrafficvolumes/

5 Rangú Dul Chun Cinn an AE ar Shábháilteacht ar Bhóithre, an 15ú Tuarascáil ar Innéacs Feidhmíochta Sábháilteachta ar Bhóithre, Meitheamh 2021, https://etsc.eu/category/publications/

# Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2020

Cailleadh **147*** duine san iomlán ar na bóithre i 2020

Ba mhéadú **5%** iad sin i gcomparáid le 140 in 2019

Bhí 110 acu fireann agus 37 baineann

**110** **37**

**BÁSANNA DAOINE I bhFEITHICLÍ**

**87**

Laghdú 16% ar bhásanna tiománaithe ó 74 go 62

Méadú **67%** ar bhásanna paisinéirí ó 15 go 25

**BÁSANNA ÚSÁIDEOIRÍ LEOCHAILEACHA BÓTHAIR ****

Méadú 19% ar 2019 — **32**

Méadú 6% ar 2019 — **17**

Méadú 25% ar 2019 — **10**

Maraíodh **37%** d'úsáideoirí bóithre ar bhóithre 80km/h

NÍ RAIBH crios sábhála á chaitheamh ag **27%** de na tiománaithe ná de na paisinéirí a maraíodh

SAT

Ba é an Satharn an lá ba chontúirtí den tseachtain (29 bás)

Tharla **42%** de na básanna idir 12pm agus 8pm

* Tá na figiúirí sealadacha agus faoi réir athraithe. Bailí amhail Meitheamh 2021.

** Níl aicmiú déanta ar an gCineál Úsáideora Bóthair i gcás úsáideoirí leochaileacha faoi leith faoi láthair.

**Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre**
**Road Safety Authority**

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co Mayo, F26 V6E4

locall: 1890 50 60 80 email: info@rsa.ie website: www.rsa.ie